Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Iúil 2024
(OR. en)

10642/24

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0085(COD)**

**CODEC 1425**
**ENV 580**
**CLIMA 227**
**CONSOM 208**
**MI 569**
**IND 294**
**COMPET 614**
**PE 160**

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite agus iad a chur in iúl (an Treoir maidir le Maímh Ghlasa)<br>– An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, an 11 go dtí an 14 Márta 2024) |

## I. RÉAMHRÁ

Thíolaic na rapóirtéirí, Cyrus ENGERER (S&D, MT) agus Andrus ANSIP (RE, EE), tuarascáil ar an togra thuasluaite le haghaidh Treorach thar ceann an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI) agus an Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO) ina raibh 147 leasú (leasuithe 1 go 146 agus 173) ar an togra.

Ina theannta sin, chuir grúpa PPE leasú amháin síos (leasú 147), chuir grúpa ECR cúig leasú síos (leasuithe 148 go 152), chuir grúpa ID trí leasú síos (leasuithe 153 go 155), chuir grúpa S&D 10 leasú síos (leasuithe 156 go 165), chuir roinnt Feisirí ó ghrúpaí polaitiúla éagsúla leasú amháin síos (leasú 166) agus chuir grúpa Renew sé leasú síos (leasú 167 go 172).

## II. VÓTÁIL

Nuair a vótáil Parlaimint na hEorpa i suí iomlánach an 12 Márta 2024, ghlac sí leasuithe 1 go 59, 62 go 64, 68 go 146, 156, 157, 159 go 162 agus 167 go 173 ar an togra le haghaidh Treorach. Tarraingíodh siar leasuithe 158 agus 163 go 165. Níor glacadh aon leasuithe eile.

Is é atá sa togra ón gCoimisiún arna leasú amhlaidh an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh, atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é.

---

## P9_TA(2024)0131

## Bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite agus iad a chur in iúl (an Treoir maidir le Maímh Ghlasa)

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Márta 2024 ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite agus iad a chur in iúl (an Treoir maidir le Maímh Ghlasa) (COM(2023)0166 – C9-0116/2023 – 2023/0085(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

Tá *Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0166),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0116/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do chomhphléití ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia agus ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra faoi Riail 58 de na Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

– ag féachaint do thuarascáil ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia agus ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (A9-0056/2024),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

[1] IO C 293, 18.8.2023, lch. 86.

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Is toisc iomaíochais anois a mhaíomh go bhfuil táirge 'glas' agus inbhuanaithe, agus is mó fás a thagann ar tháirgí glasa ná táirgí caighdeánaithe. Mura mbíonn earraí agus seirbhísí a thairgtear agus a cheannaítear ar an margadh inmheánach chomh neamhdhíobhálach don chomhshaol agus a chuirtear i láthair, chuirfeadh sé sin na tomhaltóirí ar míthreoir, chuirfeadh sé bac ar an aistriú chuig an ngeilleagar glas agus chuirfeadh sé cosc ar laghdú na dtionchar diúltach ar an gcomhshaol. Níl an leas is mó is féidir á bhaint as na margaí glasa. Le ceanglais dhifriúla á bhforchur le reachtaíocht náisiúnta nó le tionscnaimh phríobháideacha lena rialáiltear maímh chomhshaoil, cruthaítear ualach le haghaidh cuideachtaí agus iad i mbun na trádála trasteorann, toisc gur gá dóibh ceanglais dhifriúla i ngach Ballstát a chomhlíonadh. Déanann sé sin difear dá n-inniúlacht chun oibriú sa mhargadh inmheánach agus leas a bhaint as. An tráth céanna, bíonn deacrachtaí ag rannpháirtithe sa mhargadh maímh chomhshaoil iontaofa a shainaithint agus cinntí ceannaigh barrmhaithe a dhéanamh sa mhargadh inmheánach. Agus lipéid agus modhanna ríomha difriúla á n-iomadú ar an margadh, bíonn sé deacair ag tomhaltóirí, gnólachtaí, infheisteoirí agus páirtithe leasmhara a fháil amach an féidir | (1) Is toisc iomaíochais anois a mhaíomh go bhfuil táirge 'glas' agus inbhuanaithe, agus is mó fás a thagann ar tháirgí glasa ná táirgí caighdeánaithe ***de réir mar a fhásann leas na dtomhaltóirí***. Mura mbíonn earraí agus seirbhísí a thairgtear agus a cheannaítear ar an margadh inmheánach chomh neamhdhíobhálach don chomhshaol agus a chuirtear i láthair, chuirfeadh sé sin na tomhaltóirí ar míthreoir, chuirfeadh sé bac ar an aistriú chuig an ngeilleagar glas***,*** agus chuirfeadh sé cosc ar laghdú na dtionchar diúltach ar an gcomhshaol. Níl an leas is mó is féidir á bhaint as na margaí glasa. Le ceanglais dhifriúla á bhforchur le reachtaíocht náisiúnta nó le tionscnaimh phríobháideacha lena rialáiltear maímh chomhshaoil, cruthaítear ualach le haghaidh cuideachtaí agus iad i mbun na trádála trasteorann, toisc gur gá dóibh ceanglais dhifriúla i ngach Ballstát a chomhlíonadh. Déanann sé sin difear dá n-inniúlacht chun oibriú sa mhargadh inmheánach agus leas a bhaint as. An tráth céanna, bíonn deacrachtaí ag rannpháirtithe sa mhargadh maímh chomhshaoil iontaofa a shainaithint agus cinntí ceannaigh barrmhaithe a dhéanamh sa mhargadh inmheánach. Agus lipéid agus modhanna ríomha difriúla á n-iomadú ar an margadh, bíonn sé deacair ag tomhaltóirí, gnólachtaí, infheisteoirí agus |

| | |
|---|---|
| brath ar na maímh. | páirtithe leasmhara a fháil amach an féidir brath ar na maímh. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Rialacha mionsonraithe an Aontais maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite, is infheidhme maidir le cuideachtaí a oibríonn ar mhargadh an Aontais i gcumarsáid gnólacht le tomhaltóir, rannchuideoidh siad leis an aistriú glas i dtreo geilleagar ciorclach, aeráidneodrach agus glan san Aontas trí chur ar a gcumas do thomhaltóirí chun cinntí feasacha ceannaigh a dhéanamh, agus cuideoidh siad le cothroime iomaíochta a chruthú le haghaidh oibreoirí margaidh a dhéanann na maímh sin. | (5) Rialacha mionsonraithe an Aontais maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite, is infheidhme maidir le cuideachtaí a oibríonn ar mhargadh an Aontais i gcumarsáid gnólacht le tomhaltóir, rannchuideoidh siad leis an aistriú glas i dtreo geilleagar ciorclach, aeráidneodrach agus glan san Aontas***, lena n-urramófar teorainneacha an phláinéid,*** trí chur ar a gcumas do thomhaltóirí chun cinntí feasacha ceannaigh a dhéanamh, agus cuideoidh siad le cothroime iomaíochta a chruthú le haghaidh oibreoirí margaidh a dhéanann na maímh sin ***agus tomhaltas inbhuanaithe á chur chun cinn acu ag an am céanna***. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Is é creat rialála le haghaidh maíomh comhshaoil ceann de na gníomhaíochtaí atá beartaithe ag an gCoimisiún chun an | (6) Is é creat rialála le haghaidh maíomh comhshaoil ceann de na gníomhaíochtaí atá beartaithe ag an gCoimisiún chun an |

Comhaontú Glas don Eoraip a chur chun feidhme[69], rud lena n-aithnítear go bhfuil páirt thábhachtach ag faisnéis iontaofa, inchomparáide agus infhíoraithe le cur ar a gcumas do cheannaitheoirí chun cinntí níos inbhuanaithe a dhéanamh agus laghdaítear leis an gcreat an baol go ndéanfar 'glas-snasú' agus cuimsítear gealltanais ann chun dlús a chur le hiarrachtaí rialála agus neamhrialála chun dul i ngleic le maímh chomhshaoil bhréagacha. In éineacht le creata rialála eile de chuid an Aontais is infheidhme, lena n-áirítear an togra le haghaidh Treoir maidir le tomhaltóirí a chumhachtú don aistriú glas[70], lena leasaítear Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[71] a bhfuil sé d'aidhm leis an togra seo iad a chomhlánú, bunaítear córas soiléir le haghaidh maímh chomhshaoil leo, lena n-áirítear lipéid chomhshaoil.

___________________

[69] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: An Comhaontú Glas don Eoraip, COM/2019/640 final

[70]Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2005/29/CE agus Treoir 2011/83/AE a mhéid a bhaineann le tomhaltóirí a chumhachtú le haghaidh an aistrithe chuig an ngeilleagar glas trí chosaint níos fearr ar chleachtais éagóracha agus trí fhaisnéis níos fearr, COM(2022) 143 final

[71]Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagothroma idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle, Treoracha 97/7/CE, 98/27/CE agus 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa

Comhaontú Glas don Eoraip a chur chun feidhme[69], rud lena n-aithnítear go bhfuil páirt thábhachtach ag faisnéis iontaofa, inchomparáide agus infhíoraithe le cur ar a gcumas do cheannaitheoirí chun cinntí níos inbhuanaithe a dhéanamh agus laghdaítear leis an gcreat an baol go ndéanfar 'glas-snasú' agus cuimsítear gealltanais ann chun dlús a chur le hiarrachtaí rialála agus neamhrialála chun dul i ngleic le maímh chomhshaoil bhréagacha. In éineacht le creata rialála eile de chuid an Aontais is infheidhme, lena n-áirítear an togra le haghaidh Treoir maidir le tomhaltóirí a chumhachtú don aistriú glas[70], lena leasaítear Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[71] a bhfuil sé d'aidhm leis an togra seo iad a chomhlánú ***mar lex specialis***, bunaítear córas soiléir le haghaidh maímh chomhshaoil leo, lena n-áirítear lipéid chomhshaoil.

___________________

[69] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: An Comhaontú Glas don Eoraip, COM/2019/640 final

[70]Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2005/29/CE agus Treoir 2011/83/AE a mhéid a bhaineann le tomhaltóirí a chumhachtú le haghaidh an aistrithe chuig an ngeilleagar glas trí chosaint níos fearr ar chleachtais éagóracha agus trí fhaisnéis níos fearr, COM(2022) 143 final

[71]Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagothroma idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle, Treoracha 97/7/CE, 98/27/CE agus 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa

agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (An Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha) (IO L 149, 11.6.2005, lch. 22).

agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (An Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha) (IO L 149, 11.6.2005, lch. 22).

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (7) Tá an Treoir seo ina cuid de thacar tionscnamh idirghaolmhar chun creat beartais comhleanúnach agus láidir a bhunú maidir le táirgí, lena bhfágfar gurb é an gnáthrud iad táirgí agus múnlaí gnó atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, seachas an eisceacht, agus chun patrún tomhaltais a athrú ó bhonn chun nach dtáirgfear aon dramhaíl ar an gcéad dul síos. Comhlánaítear an Treoir, i measc nithe eile, le hidirghabhálacha maidir le dearadh ciorclach táirgí, maidir le múnlaí gnó nua a chothú agus íoscheanglais a leagan síos chun cosc a chur ar tháirgí atá díobhálach don chomhshaol a bheith á gcur ar mhargadh an Aontais tríd an togra le haghaidh an Rialacháin maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe[72]. | (7) Tá an Treoir seo ina cuid de thacar tionscnamh idirghaolmhar chun creat beartais comhleanúnach agus láidir a bhunú maidir le táirgí, lena bhfágfar gurb é an gnáthrud iad táirgí agus múnlaí gnó atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, seachas an eisceacht, agus ***chun a áirithiú nach féidir maíomh, nach ndéanann ach cleachtas coiteann a léiriú, a chur in iúl do chustaiméirí mar mhaímh inbhuanaithe. Chun*** patrúin tomhaltais a athrú ionas nach dtáirgtear aon dramhaíl ar an gcéad dul síos. Comhlánaítear an Treoir, i measc nithe eile, le hidirghabhálacha maidir le dearadh ciorclach táirgí, maidir le múnlaí gnó nua a chothú agus íoscheanglais a leagan síos chun cosc a chur ar tháirgí atá díobhálach don chomhshaol a bheith á gcur ar mhargadh an Aontais tríd an togra le haghaidh an Rialacháin maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe[72]. |

___

[72]Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta a shocrú do tháirgí inbhuanaithe agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE, COM(2022) 132 final

[72]Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta a shocrú do tháirgí inbhuanaithe agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE, COM(2022) 132 final

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Laistigh de chomhthéacs an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, na Straitéise ón bhFeirm go dtí an Forc agus na Straitéise Bithéagsúlachta, agus i gcomhréir leis an sprioc go mbainfear amach an cuspóir go mbeidh 25 % de thalamh talmhaíochta an Aontais faoin bhfeirmeoireacht orgánach faoi 2030 agus go dtiocfaidh méadú suntasach ar an dobharshaothrú orgánach agus leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le Táirgeadh Orgánach a Fhorbairt (COM(2021) 141), is gá an fheirmeoireacht orgánach agus an táirgeadh orgánach a fhorbairt a thuilleadh. A mhéid a bhaineann le Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[73], níor cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo maidir le maímh chomhshaoil i dtaca le táirgí orgánacha a dheimhnítear mar tháirgí orgánacha agus a dtugtar bunús leis na maímh sin ar bhonn an Rialacháin sin, agus a bhaineann, mar shampla, le húsáid na lotnaidicídí, na leasachán agus na bhfrithmhiocróbach nó, mar shampla, le tionchair dhearfacha na feirmeoireachta orgánaí ar an mbithéagsúlacht, ithir nó uisce[74]. Bíonn tionchar dearfach aige ar an mbithéagsúlacht freisin, cruthaítear poist leis agus mealltar feirmeoirí óga. Aithníonn tomhaltóirí a luach. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/848, maidir leis na téarmaí 'bith' agus 'éicea' agus a ndíorthaigh, bíodh siad ina n-aonar nó in éineacht le chéile, níl siad le húsáid san Aontas le haghaidh táirgí, a gcomhábhar | (9) Laistigh de chomhthéacs an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, na Straitéise ón bhFeirm go dtí an Forc agus na Straitéise Bithéagsúlachta, agus i gcomhréir leis an sprioc go mbainfear amach an cuspóir go mbeidh 25 % de thalamh talmhaíochta an Aontais faoin bhfeirmeoireacht orgánach faoi 2030 agus go dtiocfaidh méadú suntasach ar an dobharshaothrú orgánach agus leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le Táirgeadh Orgánach a Fhorbairt (COM(2021) 141), is gá an fheirmeoireacht orgánach agus an táirgeadh orgánach a fhorbairt a thuilleadh. A mhéid a bhaineann le Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[73], níor cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo maidir le maímh chomhshaoil i dtaca le táirgí orgánacha a dheimhnítear mar tháirgí orgánacha agus a dtugtar bunús leis na maímh sin ar bhonn an Rialacháin sin, agus a bhaineann, mar shampla, le húsáid na lotnaidicídí, na leasachán agus na bhfrithmhiocróbach nó, mar shampla, le tionchair dhearfacha na feirmeoireachta orgánaí ar an mbithéagsúlacht, ithir nó uisce[74]. Bíonn tionchar dearfach aige ar an mbithéagsúlacht freisin, ***chomh maith le tionchar dearfach sóisialta*** toisc go gcruthaítear poist leis agus mealltar feirmeoirí óga. Aithníonn tomhaltóirí a luach. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/848, maidir leis na téarmaí 'bith' agus 'éicea' agus a ndíorthaigh, bíodh siad ina n-aonar nó in éineacht le chéile, níl |

ná ábhair bheatha a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin sin i gcás inar táirgeadh iad i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/848. Mar shampla, chun 'éicea' a chur roimh an gcadás, ní mór é a bheith deimhnithe mar chadás orgánach, toisc go dtagann sé faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2018/848. I gcodarsnacht leis sin, má chuirtear 'éicea' roimh an 'nglantach miasniteora', ní thagann sé sin faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2018/848, agus rialáiltear ina áit sin faoi fhorálacha Threoir 2005/29/CE é.

___________________

[73] Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1).

[74] https://agriculture.ec.europa.eu/system/files/2023-01/agri-market-brief-20-organic-farming-eu_en_1.pdf.

siad le húsáid san Aontas le haghaidh táirgí, a gcomhábhar ná ábhair bheatha a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin sin i gcás inar táirgeadh iad i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/848. Mar shampla, chun 'éicea' a chur roimh an gcadás, ní mór é a bheith deimhnithe mar chadás orgánach, toisc go dtagann sé faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2018/848. I gcodarsnacht leis sin, má chuirtear 'éicea' roimh an 'nglantach miasniteora', ní thagann sé sin faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2018/848, agus rialáiltear ina áit sin faoi fhorálacha Threoir 2005/29/CE é.

___________________

[73] Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1).

[74] https://agriculture.ec.europa.eu/system/files/2023-01/agri-market-brief-20-organic-farming-eu_en_1.pdf.

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(9a) I gcomhthéacs an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, Plean Gníomhaíochta an Aontais um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú (COM 2021/400, an Straitéis Eorpach Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht (COM/2020/667) agus Cur Chuige Straitéiseach an Aontais Eorpaigh i leith Cógaisíocht sa*** |

***Chomhshaol (COM/2019/128), tá ról ábhartha ag an earnáil cúraim sláinte maidir le brúnna comhshaoil a laghdú. Sa chomhthéacs sin, tá sé ríthábhachtach creat rialála cuí a bhunú chun úsáid a bhaint as maímh ghlasa a bhaineann le hinbhuanaitheacht, in-bhithdhíghrádaitheacht, ciorclaíocht agus tionscnamh chomhpháirteanna an táirge le haghaidh táirgí íocshláinte, i gcomhréir le Treoir 2001/83/CE, agus feistí leighis, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/745, chun cuideachtaí a spreagadh chun rannchuidiú le cuspóirí comhshaoil agus chun cumarsáid iontaofa le tomhaltóirí a ráthú.***

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) ***I gcás ina leagfar rialacha síos le haon reachtaíocht de chuid an Aontais a bheidh ann amach anseo maidir le maímh chomhshaoil, lipéid chomhshaoil, nó maidir le measúnú a dhéanamh ar thionchair ar an gcomhshaol, gnéithe comhshaoil nó feidhmíocht chomhshaoil táirgí nó trádálaithe áirithe in earnálacha sonracha nó na tionchair, na gnéithe nó an fheidhmíocht sin a chur in iúl, mar shampla, 'CountEmissions Eu', a fógraíodh, an togra atá le teacht ón gCoimisiún maidir le creat reachtaíochta le haghaidh córas bia inbhuanaithe de chuid an Aontais, an Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe[77] nó Rialachán (AE) Uimh. 1007/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[78], ba cheart*** | ***scriosta*** |

***na rialacha sin a chur i bhfeidhm maidir leis na maímh chomhshaoil shainráite atá i gceist seachas na rialacha a leagtar amach sa Treoir seo.***

__________________

[77] ***COM(2022) 132 final***

[78] ***Rialachán (AE) Uimh. 1007/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meán Fómhair 2011 maidir le hainmneacha snáithíní teicstíle agus maidir le lipéadú gaolmhar agus marcáil ghaolmhar táirgí teicstíle i leith a gcomhdhéanaimh shnáithínigh agus lena n-aisghairtear Treoir 73/44/CEE ón gComhairle, Treoracha 96/73/CE agus 2008/121/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 272, 18.10.2011, lch. 1).***

__________________

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Leis an togra le haghaidh Treoir maidir le tomhaltóirí a chumhachtú don aistriú glas lena leasaítear Treoir 2005/29/CE, leagtar roinnt ceanglas sonrach amach maidir le maímh chomhshaoil agus toirmeasctar maímh chomhshaoil chineálacha nach bhfuil bunaithe ar shárfheidhmíocht chomhshaoil aitheanta atá ábhartha don mhaíomh. Samplaí de na maímh chineálacha sin is ea 'éiceabhách***', 'éicea***', 'glas', 'cara an dúlra', 'éiceolaíoch' ***agus*** 'ceart ó thaobh an chomhshaoil de'. Ba cheart don Treoir seo na ceanglais a leagtar amach sa togra sin a chomhlánú trí aghaidh a thabhairt ar ghnéithe agus ar | (14) Leis an togra le haghaidh Treoir maidir le tomhaltóirí a chumhachtú don aistriú glas lena leasaítear Treoir 2005/29/CE, leagtar roinnt ceanglas sonrach amach maidir le maímh chomhshaoil agus toirmeasctar maímh chomhshaoil chineálacha nach bhfuil bunaithe ar shárfheidhmíocht chomhshaoil aitheanta atá ábhartha don mhaíomh. Samplaí de na maímh chineálacha chomhshaoil is ea '***neamhdhíobhálach don chomhshaol', '***éicea-chairdiúil', ▌ 'glas', 'cara an dúlra', 'éiceolaíoch'***,*** 'ceart don chomhshaol'***, 'neamhdhíobhálach don aeráid', 'séimh ar an gcomhshaol', 'comhshaol*** |

| | |
|---|---|
| cheanglais shonracha maidir le maímh chomhshaoil shainráite a mhéid a bhaineann le bunús a thabhairt leo, iad a chur in iúl agus a fhíorú. Ba cheart feidhm a bheith ag na ceanglais a leagtar amach sa Treoir seo maidir le gnéithe sonracha de mhaímh chomhshaoil shainráite agus beidh forlámhas acu ar na ceanglais a leagtar amach i dTreoir 2005/29/CE maidir leis na gnéithe sin i gcás coinbhleachta, de bhun Airteagal 3(4) den Treoir sin. | ***ísealcharbóin', 'fuinneamhéifeachtúil', 'in-bhithdhíghrádaithe', 'bithbhunaithe' nó ráitis chomhchosúla lena maítear feidhmíocht chomhshaoil den scoth nó lena bhfuiltear ag tabhairt sin le tuiscint***. Ba cheart don Treoir seo na ceanglais a leagtar amach sa togra sin a chomhlánú trí aghaidh a thabhairt ar ghnéithe agus ar cheanglais shonracha maidir le maímh chomhshaoil shainráite a mhéid a bhaineann le bunús a thabhairt leo, iad a chur in iúl agus a fhíorú. Ba cheart feidhm a bheith ag na ceanglais a leagtar amach sa Treoir seo maidir le gnéithe sonracha de mhaímh chomhshaoil shainráite agus beidh forlámhas acu ar na ceanglais a leagtar amach i dTreoir 2005/29/CE maidir leis na gnéithe sin i gcás coinbhleachta, de bhun Airteagal 3(4) den Treoir sin. |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Chun a áirithiú go soláthrófar faisnéis iontaofa, inchomparáide agus infhíoraithe do thomhaltóirí lena gcuirtear ar a gcumas dóibh cinntí a dhéanamh a bheidh níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus chun an baol a laghdú go ndéanfar 'glas-snasú', is gá ceanglais a leagan síos maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite. Ba cheart a chur san áireamh, agus an bunús sin á thabhairt le maímh, cuir chuige eolaíocha atá aitheanta go hidirnáisiúnta maidir le tionchair chomhshaoil ag táirgí nó trádálaithe a thomhas agus a ríomh, mar aon lena ngnéithe comhshaoil agus a | (15) Chun a áirithiú go soláthrófar faisnéis iontaofa, inchomparáide agus infhíoraithe do thomhaltóirí lena gcuirtear ar a gcumas dóibh cinntí a dhéanamh a bheidh níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus chun an baol a laghdú go ndéanfar 'glas-snasú', is gá ceanglais a leagan síos maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite. Ba cheart a chur san áireamh, agus an bunús sin á thabhairt le maímh, cuir chuige eolaíocha atá ***láidir agus neamhspleách*** agus atá aitheanta go hidirnáisiúnta ***agus cothrom le dáta*** maidir le tionchair chomhshaoil ag táirgí nó trádálaithe a thomhas agus a ríomh, mar |

| | |
|---|---|
| bhfeidhmíocht chomhshaoil, agus mar thoradh air sin ba cheart faisnéis iontaofa, thrédhearcach, inchomparáide agus infhíoraithe a bheith ann don tomhaltóir. | aon lena ngnéithe comhshaoil agus a bhfeidhmíocht chomhshaoil, agus mar thoradh air sin ba cheart faisnéis iontaofa, thrédhearcach, inchomparáide agus infhíoraithe a bheith ann don tomhaltóir. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Leis an measúnú a úsáidtear chun bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite, is gá saolré an táirge nó gníomhaíochtaí foriomlána an trádálaí a bhreithniú agus níor cheart aon ghné chomhshaoil ábhartha ná aon tionchar ábhartha ar an gcomhshaol a fhágáil ar lár. De thoradh na sochar a mhaítear, níor cheart tionchair dhiúltacha ***gan údar*** a aistriú chuig céimeanna eile de shaolré táirge nó trádálaí, nó tionchair dhiúltacha eile ar an gcomhshaol a chruthú ná a mhéadú. | (16) Leis an measúnú a úsáidtear chun bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite, is gá saolré an táirge nó gníomhaíochtaí foriomlána an trádálaí a bhreithniú agus níor cheart aon ghné chomhshaoil ábhartha ná aon tionchar ábhartha ar an gcomhshaol a fhágáil ar lár. De thoradh na sochar a mhaítear, níor cheart tionchair dhiúltacha a aistriú chuig céimeanna eile de shaolré táirge nó trádálaí, nó tionchair dhiúltacha eile ar an gcomhshaol a chruthú ná a mhéadú. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) I gcomhréir le Treoir 2005/29/CE arna leasú leis an togra le haghaidh Treoir maidir le tomhaltóirí a chumhachtú don aistriú glas, níor cheart don trádálaí | (18) I gcomhréir le Treoir 2005/29/CE arna leasú leis an togra le haghaidh Treoir maidir le tomhaltóirí a chumhachtú don aistriú glas, níor cheart don trádálaí |

ceanglais a fhorchuirtear le dlí a chur i láthair ar tháirgí laistigh de chatagóir táirge áirithe mar thréith shuaithinseach de thairiscint an trádálaí nó sochair le haghaidh tomhaltóirí a fhógairt a mheastar mar chleachtas coiteann sa mhargadh ábhartha. Dá bhrí sin, leis an bhfaisnéis a úsáidtear chun bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite, ba cheart a fhágáil gur féidir feidhmíocht chomhshaoil an táirge nó an trádálaí a shainaithint i gcomparáid leis an gcleachtas coiteann le haghaidh táirgí sa ghrúpa táirge faoi seach, amhail bia, nó san earnáil faoi seach. Is gá sin chun bheith mar bhonn taca faoin measúnú an féidir na maímh chomhshaoil shainráite a dhéanamh maidir le táirge nó trádálaí áirithe i gcomhréir le feidhm mhaímh comhshaoil, arb é an fheidhm sin a léiriú go bhfuil tionchar dearfach nó nach bhfuil tionchar ag táirge nó trádálaí ar an gcomhshaol, nó gur lú dochair don chomhshaol a dhéanann táirge nó trádálaí ná mar a dhéanann táirgí nó trádálaithe eile. D’fhéadfadh an cleachtas coiteann a bheith coibhéiseach leis na híoscheanglais dhlíthiúla is infheidhme maidir leis an ngné chomhshaoil nó leis an bhfeidhmíocht chomhshaoil shonrach, mar shampla a mhéid a bhaineann le comhdhéanamh táirge, ábhar athchúrsáilte sainordaitheach nó cóireáil deireadh ré. Mar sin féin, i gcás inar fearr feidhmíocht thromlach na dtáirgí laistigh den ghrúpa táirgí ***nó*** feidhmíocht thromlach na dtrádálaithe laistigh den earnáil ná na ceanglais dhlíthiúla sin, níor cheart na híoscheanglais dhlíthiúla a mheas mar chleachtas coiteann.

ceanglais a fhorchuirtear le dlí a chur i láthair ar tháirgí laistigh de chatagóir táirge áirithe mar thréith shuaithinseach de thairiscint an trádálaí nó sochair le haghaidh tomhaltóirí a fhógairt a mheastar mar chleachtas coiteann sa mhargadh ábhartha. Dá bhrí sin, leis an bhfaisnéis a úsáidtear chun bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite, ba cheart a fhágáil gur féidir feidhmíocht chomhshaoil an táirge nó an trádálaí a shainaithint i gcomparáid leis an gcleachtas coiteann le haghaidh táirgí sa ghrúpa táirge faoi seach, amhail bia, nó san earnáil faoi seach. Is gá sin chun bheith mar bhonn taca faoin measúnú an féidir na maímh chomhshaoil shainráite a dhéanamh maidir le táirge nó trádálaí áirithe i gcomhréir le feidhm mhaímh comhshaoil, arb é an fheidhm sin a léiriú go bhfuil tionchar dearfach nó nach bhfuil tionchar ag táirge nó trádálaí ar an gcomhshaol, nó gur lú dochair don chomhshaol a dhéanann táirge nó trádálaí ná mar a dhéanann táirgí nó trádálaithe eile. D’fhéadfadh an cleachtas coiteann a bheith coibhéiseach leis na híoscheanglais dhlíthiúla is infheidhme maidir leis an ngné chomhshaoil nó leis an bhfeidhmíocht chomhshaoil shonrach, mar shampla a mhéid a bhaineann le comhdhéanamh táirge, ábhar athchúrsáilte sainordaitheach nó cóireáil deireadh ré. Mar sin féin, i gcás inar fearr feidhmíocht thromlach ***na*** dtáirgí laistigh den ghrúpa táirgí ***, nó feidhmíocht thromlach na*** dtrádálaithe laistigh den earnáil ná na ceanglais dhlíthiúla sin, níor cheart na híoscheanglais dhlíthiúla a mheas mar chleachtas coiteann. ***Chomh maith leis sin, maidir le scéimeanna deimhniúcháin atá ann cheana agus a dtrádmharcanna, amhail scéimeanna deimhniúcháin lena n-úsáidtear deimhniú slabhra cumhdaigh, ar féidir leo a bheith níos soghabhálaí i leith calaoise nó nach féidir a ráthú go hiontaofa dlíthiúlacht an táirgthe le***

***haghaidh na dtáirgí deimhnithe, ba cheart iad a fhíorú go hiomlán faoi cheanglais na Treorach seo chun a áirithiú nach gcuirfear tomhaltóirí ar míthreoir.***

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Bheadh sé míthreorach le haghaidh na dtomhaltóirí dá dtabharfaí na sochair i dtéarmaí na dtionchar ar an gcomhshaol nó na ngnéithe comhshaoil le fios le maíomh comhshaoil sainráite ach go bhfágfaí ar lár an tráth céanna go n-eascraíonn comhbhabhtálacha diúltacha as baint amach na sochar sin ar thionchair eile ar an gcomhshaol, nó ar ghnéithe eile comhshaoil. Chuige sin, ba cheart a áirithiú leis an bhfaisnéis a úsáidtear chun bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite gur féidir na hidirnaisc idir na tionchair ábhartha ar an gcomhshaol agus idir na gnéithe comhshaoil agus na tionchair chomhshaoil a shainaithint mar aon le comhbhabhtálacha ionchasacha. Leis an measúnú a úsáidtear chun bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite, ba cheart a shainaithint más amhlaidh de thoradh feabhsuithe ar thionchair ar an gcomhshaol nó ar ghnéithe comhshaoil, go n-eascraíonn an cineál comhbhabhtálacha astu a d'fhéadfadh a fhágáil go rachadh an fheidhmíocht in olcas ***go suntasach*** a mhéid a bhaineann le tionchair eile ar an gcomhshaol nó gnéithe eile comhshaoil, mar shampla má eascraíonn méadú suntasach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa as coigilteas in ídiú an uisce, nó sa tionchar | (19) Bheadh sé míthreorach le haghaidh na dtomhaltóirí dá dtabharfaí na sochair i dtéarmaí na dtionchar ar an gcomhshaol nó na ngnéithe comhshaoil le fios le maíomh comhshaoil sainráite ach go bhfágfaí ar lár an tráth céanna go n-eascraíonn comhbhabhtálacha diúltacha as baint amach na sochar sin ar thionchair eile ar an gcomhshaol, nó ar ghnéithe eile comhshaoil. Chuige sin, ba cheart a áirithiú leis an bhfaisnéis a úsáidtear chun bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite gur féidir na hidirnaisc idir na tionchair ábhartha ar an gcomhshaol agus idir na gnéithe comhshaoil agus na tionchair chomhshaoil a shainaithint mar aon le comhbhabhtálacha ionchasacha. Leis an measúnú a úsáidtear chun bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite, ba cheart a shainaithint más amhlaidh de thoradh feabhsuithe ar thionchair ar an gcomhshaol nó ar ghnéithe comhshaoil, go n-eascraíonn an cineál comhbhabhtálacha astu a d'fhéadfadh a fhágáil go rachadh an fheidhmíocht in olcas a mhéid a bhaineann le tionchair eile ar an gcomhshaol nó gnéithe eile comhshaoil, mar shampla má eascraíonn méadú suntasach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa as coigilteas in ídiú an uisce, nó sa tionchar céanna ar |

| | |
|---|---|
| céanna ar an gcomhshaol le linn céim eile de shaolré an táirge, mar shampla, go bhfágann coigilteas CO2 le linn na céime monaraithe méadú suntasach ar astaíochtaí CO2 le linn na céime úsáide. Mar shampla, le maíomh maidir le tionchair dhearfacha de thoradh úsáid éifeachtúil acmhainní i gcleachtais diantalmhaíochta, féadfar tomhaltóirí a chur ar míthreoir i ngeall ar chomhbhabhtálacha atá nasctha le tionchair ar an mbithéagsúlacht, éiceachórais nó leas ainmhithe. Le maíomh comhshaoil ar theicstílí ina bhfuil polaiméir phlaisteach as buidéil athchúrsáilte PET, féadfar tomhaltóirí a chur ar míthreoir freisin maidir le sochar comhshaoil na gné sin má théann úsáid na polaiméire athchúrsáilte sin in iomaíocht leis an gcóras athchúrsála lúbiata le haghaidh ábhar teagmhála bia, rud a mheastar a bheith níos tairbhí ó thaobh na ciorclaíochta de. | an gcomhshaol le linn céim eile de shaolré an táirge, mar shampla, go bhfágann coigilteas CO2 le linn na céime monaraithe méadú suntasach ar astaíochtaí CO2 le linn na céime úsáide. Mar shampla, le maíomh maidir le tionchair dhearfacha de thoradh úsáid éifeachtúil acmhainní i gcleachtais diantalmhaíochta, féadfar tomhaltóirí a chur ar míthreoir i ngeall ar chomhbhabhtálacha atá nasctha le tionchair ar an mbithéagsúlacht, éiceachórais nó leas ainmhithe. Le maíomh comhshaoil ***maidir le fuinneamh glas, d'fhéadfaí tomhaltóirí a chur ar míthreoir má tá sé bunaithe ar acmhainní a bhfuil tionchar diúltach acu ar an bhforbairt áitiúil agus ar an gcomhshaol áitiúil, nó ar*** theicstílí ina bhfuil polaiméir phlaisteach as buidéil athchúrsáilte PET, féadfar tomhaltóirí a chur ar míthreoir freisin maidir le sochar comhshaoil na gné sin má théann úsáid na polaiméire athchúrsáilte sin in iomaíocht leis an gcóras athchúrsála lúbiata le haghaidh ábhar teagmhála bia, rud a mheastar a bheith níos tairbhí ó thaobh na ciorclaíochta de. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Léiríodh go mbíonn maímh a bhaineann leis an aeráid go háirithe míshoiléir agus débhríoch agus go gcuirtear tomhaltóirí ar míthreoir. Baineann sé sin go háirithe le maímh chomhshaoil go bhfuil táirgí nó eintitis 'neodrach ó thaobh aeráide de', 'neodrach ó thaobh carbóin de', '100 % an CO2 | (21) Léiríodh go mbíonn maímh a bhaineann leis an aeráid go háirithe míshoiléir agus débhríoch agus go gcuirtear tomhaltóirí ar míthreoir. Baineann sé sin go háirithe le maímh chomhshaoil go bhfuil táirgí nó eintitis 'neodrach ó thaobh aeráide de', 'neodrach ó thaobh carbóin de', '100 % an CO2 |

| | |
|---|---|
| cúitithe', nó go mbeidh siad 'glan-nialasach' faoi bhliain áirithe, nó rud comhchosúil leis sin. Is minic a bhíonn na ráitis sin bunaithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a 'fhritháireamh' trí 'chreidmheasanna carbóin' a ghintear lasmuigh de shlabhra luacha na cuideachta, ó thionscadail foraoiseachta nó fuinnimh in-athnuaite mar shampla. Tá éasúlachtaí móra idir na modheolaíochtaí is bonn le fritháirimh agus ní bhíonn siad trédhearcach, cruinn ná comhsheasmhach i gcónaí. Fágann sé sin go mbíonn baol suntasach ann go ndéanfar rómheastacháin agus comhaireamh dúbailte ar astaíochtaí seachanta nó laghdaithe, i ngeall ar easpa breisíochta, buaine, bonnlínte creidiúnúcháin dinimiciúla agus uaillmhianacha a imíonn ón ngnó mar is gnách, agus cuntasaíocht chruinn. Fágann na himthosca sin go mbíonn leibhéal íseal ionracais agus inchreidteachta ó thaobh an chomhshaoil de ag baint le creidmheasanna fritháirimh, lena gcuirtear tomhaltóirí ar míthreoir nuair a bhraitear orthu i maímh chomhshaoil shainráite. Is féidir leis an bhfritháireamh trádálaithe a dhíspreagadh maidir le laghduithe astaíochtaí a dhéanamh ina n-oibríochtaí agus ina slabhraí luacha féin. Chun rannchuidiú go leordhóthanach le spriocanna domhanda maidir leis an maolú ar an athrú aeráide, ba cheart do thrádálaithe tosaíocht a thabhairt do laghduithe éifeachtacha ar astaíochtaí ar fud a n-oibríochtaí agus a slabhraí luacha féin seachas ***a bheith ag brath*** ar fhritháirimh. Beidh aon astaíocht iarmharach dá thoradh sin éagsúil de réir chonaire shonrach na hearnála i gcomhréir leis na spriocanna aeráide domhanda agus ní mór aghaidh a thabhairt orthu trí fheabhsuithe i dtaca le haistrithe. Mar sin féin, nuair a úsáidtear fritháirimh, meastar gurb iomchuí aghaidh a thabhairt ar mhaímh a bhaineann leis an gcomhshaol, lena n-áirítear maímh a bhaineann leis an | cúitithe', nó go mbeidh siad 'glan-nialasach' faoi bhliain áirithe, nó rud comhchosúil leis sin. Is minic a bhíonn na ráitis sin bunaithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a 'fhritháireamh' trí 'chreidmheasanna carbóin' a ghintear lasmuigh de shlabhra luacha na cuideachta, ó thionscadail foraoiseachta nó fuinnimh in-athnuaite mar shampla. Tá éasúlachtaí móra idir na modheolaíochtaí is bonn le fritháirimh agus ní bhíonn siad trédhearcach, cruinn ná comhsheasmhach i gcónaí. Fágann sé sin go mbíonn baol suntasach ann go ndéanfar rómheastacháin agus comhaireamh dúbailte ar astaíochtaí seachanta nó laghdaithe, i ngeall ar easpa breisíochta, buaine, bonnlínte creidiúnúcháin dinimiciúla agus uaillmhianacha a imíonn ón ngnó mar is gnách, agus cuntasaíocht chruinn. Fágann na himthosca sin go mbíonn leibhéal íseal ionracais agus inchreidteachta ó thaobh an chomhshaoil de ag baint le creidmheasanna fritháirimh, lena gcuirtear tomhaltóirí ar míthreoir nuair a bhraitear orthu i maímh chomhshaoil shainráite. Is féidir leis an bhfritháireamh trádálaithe a dhíspreagadh maidir le laghduithe astaíochtaí a dhéanamh ina n-oibríochtaí agus ina slabhraí luacha féin. Chun rannchuidiú go leordhóthanach le spriocanna domhanda maidir leis an maolú ar an athrú aeráide, ba cheart do thrádálaithe tosaíocht a thabhairt do laghduithe éifeachtacha ar astaíochtaí ar fud a n-oibríochtaí agus a slabhraí luacha féin seachas tosaíocht a thabhairt do fhritháirimh. Beidh aon astaíocht iarmharach dá thoradh sin éagsúil de réir chonaire shonrach na hearnála i gcomhréir leis na spriocanna aeráide domhanda agus ní mór aghaidh a thabhairt orthu trí fheabhsuithe i dtaca le haistrithe. Mar sin féin, nuair a úsáidtear fritháirimh, meastar gurb iomchuí aghaidh a thabhairt ar mhaímh a bhaineann leis an gcomhshaol, lena n-áirítear maímh a |

bhfeidhmíocht chomhshaoil a bheidh ann amach anseo, bunaithe ar ***fhritháirimh*** ar bhealach trédhearcach. ***Dá bhrí sin, leis an mbunús a thugtar do mhaímh a bhaineann leis an gcomhshaol, ba cheart aon fhritháireamh astaíochtaí gás ceaptha teasa arna úsáid ag na trádálaithe a bhreithniú ar leithligh ó astaíochtaí gás ceaptha teasa an trádálaí nó an táirge. Ina theannta sin, ba cheart a shonrú leis an bhfaisnéis sin freisin sciar na n-astaíochtaí iomlána a dtugtar aghaidh orthu tríd an bhfritháireamh, cé acu a bhaineann na fritháirimh sin le laghduithe astaíochtaí nó le feabhsuithe i dtaca le haistrithe, chomh maith leis an modheolaíocht a chuirtear i bhfeidhm. Ní mór bunús a thabhairt leis na maímh a bhaineann leis an aeráid lena n-áirítear úsáid fritháireamh trí mhodheolaíochtaí lena n-áirithítear sláine agus cuntasaíocht cheart na bhfritháireamh sin agus, ar an gcaoi sin, an tionchar dá thoradh ar an aeráid a léiriú go comhleanúnach agus go trédhearcach dá réir.***

bhaineann leis an bhfeidhmíocht chomhshaoil a bheidh ann amach anseo, bunaithe ar ***chreidmheasanna carbóin*** ar bhealach trédhearcach.

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (22) Tá méadú ag teacht ar a mhinice a bhíonn spéis ag trádálaithe i maímh chomhshaoil a dhéanamh a bhaineann le feidhmíocht chomhshaoil ***táirge nó*** trádálaí a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear trí pháirt a ghlacadh i dtionscnaimh lena gcuirtear cleachtais chun cinn a d’fhéadfadh a bheith ina gcuidiú le tionchar laghdaithe ar an gcomhshaol nó le tuilleadh ciorclaíochta. | (22) Tá méadú ag teacht ar a mhinice a bhíonn spéis ag trádálaithe i maímh chomhshaoil a dhéanamh a bhaineann le feidhmíocht chomhshaoil trádálaí a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear trí pháirt a ghlacadh i dtionscnaimh lena gcuirtear cleachtais chun cinn a d’fhéadfadh a bheith ina gcuidiú le tionchar laghdaithe ar an gcomhshaol nó le tuilleadh ciorclaíochta. Ba cheart bunús a thabhairt |

| | |
|---|---|
| Ba cheart bunús a thabhairt do na maímh sin i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le gach maíomh comhshaoil sainráite. | do na maímh sin i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le gach maíomh comhshaoil sainráite. |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) An fhaisnéis a úsáidtear chun bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite, ba cheart í a bheith bunaithe ar an ***eolaíocht***, agus ba cheart aon easpa, sa bhealach a mheastar tionchair chomhshaoil áirithe nó gnéithe áirithe comhshaoil, a bhreithniú go cúramach. | (23) An fhaisnéis a úsáidtear chun bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite, ba cheart í a bheith bunaithe ***ar fhianaise eolaíoch neamhspleách, phiarmheasúnaithe, a aithnítear go forleathan, láidir agus infhíoraithe, i.e. maidir le modhanna, cineálacha cur chuige nó staidéir a forbraíodh i gcomhréir le dea-chleachtais i dtéarmaí trédhearcachta agus a bhfuil piarmheasúnú déanta ag an bpobal eolaíochta orthu***, agus ba cheart aon easpa, sa bhealach a mheastar tionchair chomhshaoil áirithe nó gnéithe comhshaoil áirithe a bhreithniú go cúramach. ***Ní mór rochtain a bheith ag an bpobal ar na modheolaíochtaí chun trédhearcacht agus sláine na measúnuithe a áirithiú.*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Is féidir tomhaltóirí a chur ar míthreoir freisin le maímh chomhshaoil shainráite a shonraíonn nó a thugann le tuiscint go bhfuil níos lú nó níos mó tionchair chomhshaoil ag táirge nó trádálaí nó go bhfuil feidhmíocht chomhshaoil níos fearr nó níos measa aige ná táirgí nó trádálaithe eile ('maímh chomhshaoil chomparáideacha'). Gan dochar do chur i bhfeidhm, i gcás inarb iomchuí, Threoir 2006/114/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[83], chun go mbeidh na tomhaltóirí in ann rochtain a fháil ar fhaisnéis iontaofa, is gá a áirithiú gur féidir maímh chomhshaoil chomparáideacha a chur i gcomparáid ar bhealach oiriúnach. Mar shampla, fágtar gur dodhéanta comparáidí a dhéanamh má roghnaítear táscairí maidir leis na gnéithe comhshaoil céanna ach go n-úsáidtear foirmle dhifriúil chun na táscairí sin a chainníochtú, agus bíonn baol ann dá bhrí sin go gcuirfear tomhaltóirí ar míthreoir. I gcás ina ndéanann beirt trádálaithe maíomh comhshaoil maidir leis an athrú aeráide, inar bhreithnigh trádálaí amháin tionchair dhíreacha ar an gcomhshaol agus iad sin amháin, ach inar mheas an trádálaí eile tionchair dhíreacha agus indíreacha ar an gcomhshaol araon, ní torthaí inchomparáide iad sin. Chomh maith leis sin, is féidir le maímh mhíthreoracha eascairt as cinneadh chun an chomparáid a dhéanamh le linn céimeanna áirithe de shaolré tháirge agus lena linn sin amháin, mura gcuirtear é sin in iúl go trédhearcach. Le maíomh comhshaoil comparáideach, is gá a áirithiú go gcuirtear na céimeanna is ábhartha den tsaolré san áireamh le haghaidh na dtáirgí uile i gcás táirgí ina bhfuil amhábhair, úsáidí agus slabhraí próisis an-difriúil i gceist freisin, amhail plaistigh bhithbhunaithe agus plaistigh atá | (27) Is féidir tomhaltóirí a chur ar míthreoir freisin le maímh chomhshaoil shainráite a shonraíonn nó a thugann le tuiscint go bhfuil níos lú nó níos mó tionchair chomhshaoil ag táirge nó trádálaí nó go bhfuil feidhmíocht chomhshaoil níos fearr nó níos measa aige ná táirgí nó trádálaithe eile ('maímh chomhshaoil chomparáideacha'). Gan dochar do chur i bhfeidhm, i gcás inarb iomchuí, Threoir 2006/114/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[83], chun go mbeidh na tomhaltóirí in ann rochtain a fháil ar fhaisnéis iontaofa, is gá a áirithiú gur féidir maímh chomhshaoil chomparáideacha a chur i gcomparáid ar bhealach oiriúnach. Mar shampla, ***braitheann deimhniú feidhmíochtbhunaithe agus deimhniú próiseasbhunaithe ar thacair éagsúla táscairí, amhail tairseacha sonracha a leagan síos nach mór a chomhlíonadh nó a áirithiú go bhfuil nós imeachta áirithe i bhfeidhm.*** Fágtar gur dodhéanta comparáidí a dhéanamh má roghnaítear táscairí maidir leis na gnéithe comhshaoil céanna ach go n-úsáidtear foirmle dhifriúil chun na táscairí sin a chainníochtú, agus bíonn baol ann dá bhrí sin go gcuirfear tomhaltóirí ar míthreoir. I gcás ina ndéanann beirt trádálaithe maíomh comhshaoil maidir leis an athrú aeráide, inar bhreithnigh trádálaí amháin tionchair dhíreacha ar an gcomhshaol agus iad sin amháin, ach inar mheas an trádálaí eile tionchair dhíreacha agus indíreacha ar an gcomhshaol araon, ní torthaí inchomparáide iad sin. Chomh maith leis sin, is féidir le maímh mhíthreoracha eascairt as cinneadh chun an chomparáid a dhéanamh le linn céimeanna áirithe de shaolré tháirge agus lena linn sin amháin, mura gcuirtear é sin in iúl go trédhearcach. Le maíomh comhshaoil comparáideach, is |

| | |
|---|---|
| bunaithe ar iontaisí. Mar shampla, bíonn an talmhaíocht nó an fhoraoiseacht ábhartha le haghaidh plaistigh bhithbhunaithe ach bíonn an t-úscadh amhola ábhartha le haghaidh plaistigh atá bunaithe ar iontaisí agus baineann an cheist, an rachaidh sciar ábhartha den táirge chuig líonadh talún, go mór le plaistigh a bhith-dhíghrádaíonn go maith faoi choinníollacha líonta talún ach b'fhéidir nach bhfuil an cheist sin chomh hábhartha céanna le haghaidh plaistigh nach mbith-dhíghrádaíonn agus na coinníollacha sin i gceist. | gá a áirithiú go gcuirtear na céimeanna is ábhartha den tsaolré san áireamh le haghaidh na dtáirgí uile i gcás táirgí ina bhfuil amhábhair, úsáidí agus slabhraí próisis an-difriúil i gceist freisin, amhail plaistigh bhithbhunaithe agus plaistigh atá bunaithe ar iontaisí. Mar shampla, bíonn an talmhaíocht nó an fhoraoiseacht ábhartha le haghaidh plaistigh bhithbhunaithe ach bíonn an t-úscadh amhola ábhartha le haghaidh plaistigh atá bunaithe ar iontaisí agus baineann an cheist, an rachaidh sciar ábhartha den táirge chuig líonadh talún, go mór le plaistigh a bhith-dhíghrádaíonn go maith faoi choinníollacha líonta talún ach b'fhéidir nach bhfuil an cheist sin chomh hábhartha céanna le haghaidh plaistigh nach mbith-dhíghrádaíonn agus na coinníllacha sin i gceist. |
| ___________________<br>[83] Treoir 2006/114/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 a bhaineann le fógraíocht mhíthreorach agus chomparáideach (IO L 376, 27.12.2006, lch. 21). | ___________________<br>[83] Treoir 2006/114/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 a bhaineann le fógraíocht mhíthreorach agus chomparáideach (IO L 376, 27.12.2006, lch. 21). |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 27 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(27a) Tá sé tábhachtach nach ndéanfaidh trádálaithe maímh chineálacha amhail 'comhfhiosach', 'inbhuanaithe' agus 'freagrach', bunaithe go heisiach ar fheidhmíocht chomhshaoil den scoth atá aitheanta, toisc go mbaineann na téarmaí sin le saintréithe eile sa bhreis ar shaintréithe comhshaoil, amhail*** |

| | |
|---|---|
| | ***saintréithe sóisialta.*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 29 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(29a) Tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt do na dúshláin atá roimh mhicrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide ó thaobh acmhainní agus cumas de, go háirithe i gcomparáid le corparáidí móra. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach do na Ballstáit, agus an Treoir seo á cur chun feidhme acu, gach beart iomchuí a dhéanamh chun cabhrú le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide ceanglais na Treorach seo a chomhlíonadh.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) Chun freastal ar riachtanais na dtrádálaithe maidir le straitéisí margaíochta dinimiciúla, agus riachtanais na dtomhaltóirí maidir le faisnéis ar an gcomhshaol a bheith níos mionsonraithe, agus níos cruinne, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun na forálacha a fhorlíonadh maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil | (31) Chun freastal ar riachtanais na dtrádálaithe maidir le straitéisí margaíochta dinimiciúla, agus riachtanais na dtomhaltóirí maidir le faisnéis ar an gcomhshaol a bheith níos mionsonraithe, agus níos cruinne, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun na forálacha a fhorlíonadh maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil |

shainráite trí na critéir maidir le bunús a thabhairt i dtaca le maímh áirithe a shonrú a thuilleadh (e.g. maímh a bhaineann leis an aeráid, lena n-áirítear maímh ***faoi fhritháirimh***, 'aeráidneodracht' ***nó nithe comhchosúla,*** an in-athchúrsáilteacht agus ábhar athchúrsáilte). Ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún rialacha breise a leagan síos maidir leis na tionchair chomhshaoil, gnéithe comhshaoil agus feidhmíocht chomhshaoil a thomhas agus a ríomh, trína chinneadh cé na gníomhaíochtaí, próisis, ábhair, astaíochtaí nó úsáidí táirge nó trádálaí a chuireann go suntasach nó nach féidir cur leis na tionchair ábhartha chomhshaoil agus leis na gnéithe ábhartha comhshaoil; trína chinneadh cé na gnéithe comhshaoil agus na tionchair chomhshaoil ar cheart faisnéis phríomhúil a úsáid ina leith; agus trí na critéir a chinneadh chun measúnú a dhéanamh ar chruinneas na faisnéise príomhúla agus tánaistí. Cé gurbh amhlaidh i bhformhór na gcásanna nach mbreithneodh an Coimisiún an gá leis na rialacha sin a ghlacadh ach amháin tar éis dó torthaí an fhaireacháin ar éabhlóid na maíomh comhshaoil ar mhargadh an Aontais a fháil, i gcás cineálacha áirithe maíomh, d'fhéadfadh sé gur gá don Choimisiún rialacha forlíontacha a ghlacadh sula mbeidh torthaí an fhaireacháin sin ar fáil. Mar shampla, i gcás na maíomh a bhaineann le haeráid, d'fhéadfadh sé gur gá na gníomhartha forlíontacha sin a ghlacadh chun na forálacha a chur i ngníomh, ar forálacha iad maidir le bunús a thabhairt le maímh atá bunaithe ar ***fhritháirimh***.

shainráite trí na critéir maidir le bunús a thabhairt i dtaca le maímh áirithe a shonrú a thuilleadh (e.g. maímh a bhaineann leis an aeráid, lena n-áirítear maímh faoi fhritháirimh, 'aeráidneodracht' nó nithe comhchosúla, an in-athchúrsáilteacht agus ábhar athchúrsáilte) ***bunaithe ar chreidmheasanna carbóin ar astaíochtaí iarmharacha trádálaí***, ***amhail*** 'neodracht aeráide'***, agus maímh maidir le*** hin-athchúrsáilteacht agus ábhar athchúrsáilte). Ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún rialacha breise a leagan síos maidir leis na tionchair chomhshaoil, gnéithe comhshaoil agus feidhmíocht chomhshaoil a thomhas agus a ríomh, trína chinneadh cé na gníomhaíochtaí, próisis, ábhair, astaíochtaí nó úsáidí táirge nó trádálaí a chuireann go suntasach nó nach féidir cur leis na tionchair ábhartha ar an gcomhshaol agus leis na gnéithe ábhartha comhshaoil; trí chinneadh, maidir le faisnéis phríomhúil, cé na gnéithe comhshaoil agus na tionchair chomhshaoil ba cheart an fhaisnéis sin a úsáid lena n-aghaidh; agus trí na critéir a chinneadh chun measúnú a dhéanamh ar chruinneas na faisnéise príomhúla agus tánaistí. Cé gurbh amhlaidh i bhformhór na gcásanna nach mbreithneodh an Coimisiún an gá leis na rialacha sin a ghlacadh ach amháin tar éis dó torthaí an fhaireacháin ar éabhlóid na maíomh comhshaoil ar mhargadh an Aontais a fháil, i gcás cineálacha áirithe maíomh, d'fhéadfadh sé gur gá don Choimisiún rialacha forlíontacha a ghlacadh sula mbeidh torthaí an fhaireacháin sin ar fáil. Mar shampla, i gcás na maíomh a bhaineann le haeráid, d'fhéadfadh sé gur gá na gníomhartha forlíontacha sin a ghlacadh chun na forálacha a chur i ngníomh, ar forálacha iad maidir le bunús a thabhairt le maímh atá bunaithe ar ***chreidmheasanna carbóin a úsáidtear ar astaíochtaí iarmharacha trádálaí***.

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Tá treoraíocht sa Mholadh ón gCoimisiún (AE) 2021/2279 maidir leis an mbealach chun feidhmíocht chomhshaoil saolré táirgí nó eagraíochtaí sonracha a thomhas agus faoin mbealach chun Rialacha Catagóire maidir leis an Lorg Comhshaoil Táirge (PEFCRanna) agus Rialacha Earnála maidir leis an Lorg Comhshaoil Eagraíochta (OEFSRanna) a fhorbairt, lena bhfágtar go mbítear in ann táirgí a chur i gcomparáid le tagarmharc. Is féidir na rialacha catagóra sin le haghaidh táirgí nó trádálaithe sonracha a úsáid chun tacú leis an mbunús a thugtar le maímh i gcomhréir le ceanglais na Treorach seo. Dá bhrí sin, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun rialacha maidir le grúpa táirgí nó maidir le hearnáil shonrach a leagan síos i gcás ina bhféadfadh breisluach a bheith i gceist leis sin. Mar sin féin, i gcás inarb amhlaidh le modh an Loirg Comhshaoil Táirge nach gcumhdaítear catagóir thionchair fós, ar catagóir í atá ábhartha le haghaidh grúpa táirgí, ní fhéadfaidh PEFCR a ghlacadh ach amháin tar éis do na catagóirí ábhartha tionchar comhshaoil a bheith curtha leis an modh sin. Mar shampla, a mhéid a bhaineann le hiascaigh mhuirí, ba cheart do PEFCR na catagóirí tionchar comhshaoil a bhaineann le hiascaigh go sonrach a léiriú, go háirithe inbhuanaitheacht an stoic ar a ndírítear. Maidir leis an spás, ba cheart do PEFCR na catagóirí tionchar comhshaoil a bhaineann le cúrsaí cosanta | (32) Tá treoraíocht sa Mholadh ón gCoimisiún (AE) 2021/2279 maidir leis an mbealach chun feidhmíocht chomhshaoil saolré táirgí nó eagraíochtaí sonracha a thomhas agus faoin mbealach chun Rialacha Catagóire maidir leis an Lorg Comhshaoil Táirge (PEFCRanna) agus Rialacha Earnála maidir leis an Lorg Comhshaoil Eagraíochta (OEFSRanna) a fhorbairt, lena bhfágtar go mbítear in ann táirgí a chur i gcomparáid le tagarmharc. Is féidir na rialacha catagóra sin le haghaidh táirgí nó trádálaithe sonracha a úsáid chun tacú leis an mbunús a thugtar le maímh i gcomhréir le ceanglais na Treorach seo. Dá bhrí sin, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun rialacha maidir le grúpa táirgí nó maidir le hearnáil shonrach a leagan síos i gcás ina bhféadfadh breisluach a bheith i gceist leis sin. ***I gcás roinnt grúpaí táirgí, áfach, níl modh PEF oiriúnach chun measúnú iomlánaíoch comhshaoil a sholáthar.*** I gcás inarb amhlaidh le modh an Loirg Comhshaoil Táirge nach gcumhdaítear catagóir thionchair fós, ar catagóir í atá ábhartha le haghaidh grúpa táirgí, ní fhéadfaidh PEFCR a ghlacadh ach amháin tar éis do na catagóirí ábhartha tionchar comhshaoil a bheith curtha leis an modh sin. Mar shampla, a mhéid a bhaineann le hiascaigh mhuirí, ba cheart do PEFCR na catagóirí tionchar comhshaoil a bhaineann le hiascaigh go sonrach a léiriú, go háirithe inbhuanaitheacht an stoic ar a ndírítear. |

| | |
|---|---|
| agus an spás go sonrach a léiriú, lena n-áirítear an úsáid sa spás fithiseach. A mhéid a bhaineann le táirgí bia agus talmhaíochta, ba cheart an bhithéagsúlacht agus cosaint an dúlra, mar aon le cleachtais feirmeoireachta, lena n-áirítear seachtrachtaí dearfacha na feirmeoireachta forleithne agus leas na n-ainmhithe, a chomhtháthú freisin sula bhféadfaí glacadh PEFCR a bhreithniú. A mhéid a bhaineann le teicstílí, ba cheart do PEFCR scaoileadh na micreaphlaisteach a léiriú mar shampla, sula bhféadfaí glacadh PEFCR a bhreithniú. | Maidir leis an spás, ba cheart do PEFCR na catagóirí tionchar comhshaoil a bhaineann le cúrsaí cosanta agus an spás go sonrach a léiriú, lena n-áirítear an úsáid sa spás fithiseach. A mhéid a bhaineann le táirgí bia agus talmhaíochta, ba cheart, mar shampla, an bhithéagsúlacht agus cosaint an dúlra, mar aon le cleachtais feirmeoireachta, lena n-áirítear seachtrachtaí dearfacha na feirmeoireachta forleithne agus leas na n-ainmhithe, a chomhtháthú freisin sula bhféadfaí glacadh PEFCR a bhreithniú. A mhéid a bhaineann le teicstílí, ba cheart do PEFCR scaoileadh na micreaphlaisteach a léiriú mar shampla, sula bhféadfaí glacadh PEFCR a bhreithniú. ***Chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar mhodh PEF atá ann faoi láthair agus chun aghaidh a thabhairt ar na teorainneacha a bhaineann leis, tá sé tábhachtach go ndéanfadh an Coimisiún meastóireacht agus nuashonrú rialta ar na modhanna chun dul chun cinn eolaíoch a léiriú. Tá sé tábhachtach freisin go gcuirfidh an Coimisiún ar chumas an fhóraim Comhairliúcháin a bunaíodh faoin Treoir seo cur le forbairt PEFCR agus OEFCR.*** |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 32 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(32a) Chun sláine, neamhchlaontacht agus ardcháilíocht an bhunúis a bhaineann le maímh chomhshaoil a áirithiú, agus chun a áirithiú go mbeidh tuiscint níos fearr ar thionchair chomhshaoil ag tomhaltóirí mar thoradh ar na ceanglais maidir leis an mbunús, tá*** |

***sé tábhachtach go bhforbrófaí na ceanglais sin maidir le bunús a thabhairt do mhaímh chomhshaoil lena mbaineann sraith chothrom geallsealbhóirí, amhail eagraíochtaí tomhaltóirí, eagraíochtaí comhshaoil neamhrialtasacha, oibreoirí scéimeanna lipéadaithe agus comhlachtaí inniúla, chomh maith le hionadaithe tionscail, lena n-áirítear micrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide agus ionadaithe ón tionscail cheirde, ceardchumainn, trádálaithe, miondíoltóirí, allmhaireoirí. Chun na críche sin, ba cheart don Choimisiún fóram comhairliúcháin a bhunú, a mbeidh sé mar ról aige tuairimí a thabhairt i dtaobh an bhfuil na rialacha agus na modhanna atá ann cheana oiriúnach chun bunús a thabhairt le maímh shonracha chomhshaoil, agus ba cheart dul i gcomhairle leis maidir le hullmhú an athbhreithnithe ar ghníomhartha tarmligthe nua nó maidir lena bhforbairt.***

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (33) Ós rud é go bhfuil feidhm ag Treoir 2005/29/CE maidir le maímh chomhshaoil mhíthreoracha cheana féin, cumasaítear na cúirteanna agus na húdaráis riaracháin náisiúnta leis an Treoir na maímh sin a stopadh agus a thoirmeasc. Mar shampla, chun Treoir 2005/29/CE a chomhlíonadh, ba cheart nach mbeadh baint ag maímh chomhshaoil ach amháin le gnéithe atá suntasach i dtéarmaí thionchar an táirge nó an trádálaí ar an gcomhshaol. Ba cheart | (33) Ós rud é go bhfuil feidhm ag Treoir 2005/29/CE maidir le maímh chomhshaoil mhíthreoracha cheana féin, cumasaítear na cúirteanna agus na húdaráis riaracháin náisiúnta leis an Treoir na maímh sin a stopadh agus a thoirmeasc. Mar shampla, chun Treoir 2005/29/CE a chomhlíonadh, ba cheart nach mbeadh baint ag maímh chomhshaoil ach amháin le gnéithe atá suntasach i dtéarmaí thionchar an táirge nó an trádálaí ar an gcomhshaol. Ba cheart |

| | |
|---|---|
| maímh chomhshaoil a bheith soiléir agus neamh-dhébhríoch freisin maidir leis na gnéithe den táirge nó den trádálaí dá dtagraíonn siad agus níor cheart faisnéis thábhachtach faoi fheidhmíocht chomhshaoil an táirge ***nó an trádálaí*** a fhágáil ar lár nó a cheilt, ar faisnéis í sin lena mbíonn gá ag tomhaltóirí chun roghanna eolasacha a dhéanamh. Leis an bhfoclaíocht, na híomhánna agus le cur i láthair foriomlán an táirge, lena n-áirítear an leagan amach, rogha na ndathanna, íomhánna, pictiúir, fuaimeanna, siombailí nó lipéid, ***a chuimsítear sa mhaíomh comhshaoil***, ba cheart léiriú fírinneach agus cruinn a sholáthar ar scála an tsochair comhshaoil a bhaintear amach, agus níor cheart meastachán thar ceart a dhéanamh ar an sochar comhshaoil a bhaintear amach. | maímh chomhshaoil ***agus scéimeanna lipéadaithe*** a bheith soiléir agus neamh-dhébhríoch freisin maidir leis na gnéithe den táirge nó den trádálaí dá dtagraíonn siad agus níor cheart faisnéis thábhachtach faoi fheidhmíocht chomhshaoil an táirge nó an trádálaí a fhágáil ar lár nó a cheilt, ar faisnéis í sin lena mbíonn gá ag tomhaltóirí chun roghanna eolasacha a dhéanamh. Leis an bhfoclaíocht, na híomhánna agus le cur i láthair foriomlán an táirge, lena n-áirítear na ***línte clibe,*** an leagan amach, rogha na ndathanna, íomhánna, pictiúir, fuaimeanna, siombailí***, trádmharc*** nó lipéid, ba cheart léiriú fírinneach agus cruinn a sholáthar ar scála an tsochair comhshaoil a bhaintear amach, agus níor cheart meastachán thar ceart a dhéanamh ar an sochar comhshaoil a bhaintear amach. ***I gcás inarb infheidhme, níor cheart faisnéis faoi mhéid beacht inneachar ábhair dheimhnithe táirge, gné a n-oibríonn cineálacha áirithe scéimeanna lipéadaithe maidir léi, a fhágáil ar lár, go háirithe nuair a d'fhéadfadh an t-íosinneachar deimhnithe a bheith cothrom le nialas.*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 34**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (34) I gcás ina mbainfidh an maíomh comhshaoil sainráite le táirge deiridh agus go dtarlaíonn na tionchair ábhartha comhshaoil nó na gnéithe ábhartha comhshaoil den táirge sin le linn chéim na húsáide agus i gcás inar féidir le tomhaltóirí tionchar a imirt ar na tionchair | (34) I gcás ina mbainfidh an maíomh comhshaoil sainráite le táirge deiridh agus go dtarlaíonn na tionchair ábhartha comhshaoil nó na gnéithe ábhartha comhshaoil den táirge sin le linn chéim na húsáide ***nó ag deireadh a shaolré*** agus i gcás inar féidir le tomhaltóirí tionchar a |

| | |
|---|---|
| sin ar an gcomhshaol nó ar na gnéithe comhshaoil sin trí iompraíocht iomchuí, amhail, mar shampla, dramhaíl a shórtáil i gceart nó tionchair na bpatrún úsáide ar fhad saoil an táirge, ba cheart faisnéis a chuimsiú leis an maíomh freisin lena mínítear do thomhaltóirí an bealach lenar féidir lena n-iompraíocht rannchuidiú go dearfach leis an gcomhshaol a chosaint. | imirt ar na tionchair sin ar an gcomhshaol nó ar na gnéithe comhshaoil sin trí iompraíocht iomchuí, amhail, mar shampla, dramhaíl a shórtáil i gceart nó tionchair na bpatrún úsáide ar fhad saoil an táirge, ba cheart faisnéis a chuimsiú leis an maíomh freisin lena mínítear do thomhaltóirí an bealach lenar féidir lena n-iompraíocht rannchuidiú go dearfach leis an gcomhshaol a chosaint. |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Ba cheart rochtain éasca a bheith ag tomhaltóirí ar an bhfaisnéis faoin táirge nó faoin trádálaí arb í an fhaisnéis sin is ábhar don mhaíomh comhshaoil sainráite agus maidir le faisnéis a thugann bunús don mhaíomh ***sin***. Ba cheart riachtanais tomhaltóirí scothaosta a bhreithniú leis an bhfaisnéis sin freisin. Chun na críche sin, ba cheart do thrádálaithe an fhaisnéis sin a sholáthar i bhfoirm fhisiceach nó nasc gréasáin, cód QR nó a choibhéis a sholáthar lena dtreorófar an tomhaltóir chuig suíomh gréasáin mar a gcuirtear faisnéis níos mionsonraithe faoin mbunús a thugtar don mhaíomh comhshaoil sainráite ar fáil i gceann amháin de theangacha oifigiúla an Bhallstáit mar a ndéantar an maíomh. Chun forfheidhmiú na Treorach seo a éascú, ba cheart rochtain éasca a áirithiú freisin leis an nasc gréasáin, cód QR nó lena choibhéis ar an deimhniú comhréireachta maidir leis an mbunús a thugtar leis an maíomh comhshaoil sainráite agus ar fhaisnéis teagmhála an fhíoraitheora a tharraing an | (36) Ba cheart rochtain éasca a bheith ag tomhaltóirí ar an bhfaisnéis faoin táirge nó faoin trádálaí arb í an fhaisnéis sin is ábhar don mhaíomh comhshaoil sainráite***, lena n-áirítear go díreach ar an táirge nó a ghabhann leis an táirge,*** agus maidir le faisnéis lena dtugtar bunús leis ***an*** maíomh ***is infheidhme maidir leis an táirge***. Ba cheart riachtanais tomhaltóirí scothaosta a bhreithniú leis an bhfaisnéis sin freisin. Chun na críche sin, ba cheart do thrádálaithe an fhaisnéis sin a sholáthar i bhfoirm fhisiceach nó nasc gréasáin, cód QR***, pas táirge digiteach*** nó a choibhéis a sholáthar lena dtreorófar an tomhaltóir chuig suíomh gréasáin mar a gcuirtear faisnéis níos mionsonraithe faoin mbunús a thugtar don mhaíomh comhshaoil sainráite ar fáil i gceann amháin de theangacha oifigiúla an Bhallstáit mar a ndéantar an maíomh. Chun forfheidhmiú na Treorach seo a éascú, ba cheart rochtain éasca a áirithiú freisin leis an nasc gréasáin, cód QR nó lena choibhéis ar an deimhniú comhréireachta maidir leis an |

| | |
|---|---|
| deimhniú sin suas. | mbunús a thugtar leis an maíomh comhshaoil sainráite agus ar fhaisnéis teagmhála an fhíoraitheora a tharraing an deimhniú sin suas. ***Ba cheart na staidéir, na measúnuithe, na modheolaíochtaí nó na ríomhanna bunúsacha a chur ar fáil go poiblí, ach amháin más rún ceirde í an fhaisnéis i gcomhréir le hAirteagal 2, mír 1 de Threoir (AE) 2016/94346.*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 37**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (37) Chun tionchair dhíréireacha ionchasacha ar na micrifhiontair a sheachaint, ba cheart ***na*** cuideachtaí is lú a dhíolmhú ó cheanglais Airteagal 5 atá nasctha le faisnéis faoin mbunús a thugtar le maímh chomhshaoil shainráite ach amháin i gcás inar mian leis na fiontair sin deimhniú comhréireachta a fháil faoi mhaímh chomhshaoil shainráite a aithneoidh na húdaráis inniúla ar fud an Aontais. | (37) Chun tionchair dhíréireacha ionchasacha ar na micrifhiontair a sheachaint, ba cheart na cuideachtaí is lú ***sin*** a dhíolmhú ó cheanglais Airteagal 5 atá nasctha le faisnéis faoin mbunús a thugtar le maímh chomhshaoil shainráite ach amháin i gcás inar mian leis na fiontair sin deimhniú comhréireachta a fháil faoi mhaímh chomhshaoil shainráite a aithneoidh na húdaráis inniúla ar fud an Aontais. |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 41**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (41) Is minic é a bheith d’aidhm leis na lipéid chomhshaoil scóráil | (41) Is minic é a bheith d’aidhm leis na lipéid chomhshaoil scóráil |

chomhiomlánaithe a sholáthar do thomhaltóirí lena gcuirtear tionchar carnach táirgí nó trádálaithe ar an gcomhshaol i láthair, chun go mbeifear in ann comparáidí díreacha a dhéanamh idir táirgí nó trádálaithe. Baineann baol leis an scóráil chomhiomlánaithe sin áfach go gcuirfear tomhaltóirí ar míthreoir toisc gurb amhlaidh leis an táscaire comhiomlánaithe go bhféadfaí tionchair dhiúltacha ar an gcomhshaol a bhaineann le gnéithe áirithe den táirge a mhaolú le tionchair níos dearfaí ar an gcomhshaol a bhaineann le gnéithe eile den táirge. Ina theannta sin, agus iad forbartha ag oibreoirí difriúla, bíonn na lipéid sin difriúil de ghnáth i dtéarmaí mhodheolaíocht shonrach fholuiteach an scóir chomhiomlánaithe amhail na tionchair chomhshaoil a bhreithnítear nó an t-ualú a chuirtear i leith na dtionchar sin ar an gcomhshaol. D’fhéadfadh sé sin a fhágáil go bhfaighidh an táirge céanna rátáil nó scór difriúil ag brath ar an scéim. Tagann an t-údar imní sin chun cinn i ndáil le scéimeanna atá bunaithe san Aontas agus i dtríú tíortha. Tá sé sin ag cur le hilroinnt an mhargaidh inmheánaigh, is baolach go gcuirfear cuideachtaí níos lú faoi mhíbhuntáiste leis, agus is dócha go gcuirfear tomhaltóirí ar míthreoir a thuilleadh agus go ndéanfar dochar dá muinín as lipéid chomhshaoil dá thoradh. Chun an baol sin a sheachaint agus comhchuibhiú níos fearr laistigh den mhargadh aonair a áirithiú, maidir leis na maímh chomhshaoil shainráite, lena n-áirítear lipéid chomhshaoil, bunaithe ar scór comhiomlánaithe, arb é atá ann tionchar carnach táirgí nó trádálaithe ar an gcomhshaol, ***níor cheart a mheas go bhfuil bunús leordhóthanach tugtha do na maímh sin ach amháin más rud é go n-eascraíonn na scóir chomhiomlánaithe sin as rialacha an Aontais***, lena n-áirítear ***na gníomhartha tarmligthe a bhfuil sé tugtha de chumhacht don Choimisiúin iad***

chomhiomlánaithe a sholáthar do thomhaltóirí lena gcuirtear tionchar carnach táirgí nó trádálaithe ar an gcomhshaol i láthair, chun go mbeifear in ann comparáidí díreacha a dhéanamh idir táirgí nó trádálaithe. Baineann baol leis an scóráil chomhiomlánaithe sin áfach go gcuirfear tomhaltóirí ar míthreoir toisc gurb amhlaidh leis an táscaire comhiomlánaithe go bhféadfaí tionchair dhiúltacha ar an gcomhshaol a bhaineann le gnéithe áirithe den táirge a mhaolú le tionchair níos dearfaí ar an gcomhshaol a bhaineann le gnéithe eile den táirge. Ina theannta sin, agus iad forbartha ag oibreoirí difriúla, bíonn na lipéid sin difriúil de ghnáth i dtéarmaí mhodheolaíocht shonrach fholuiteach an scóir chomhiomlánaithe amhail na tionchair chomhshaoil a bhreithnítear nó an t-ualú a chuirtear i leith na dtionchar sin ar an gcomhshaol. D’fhéadfadh sé sin a fhágáil go bhfaighidh an táirge céanna rátáil nó scór difriúil ag brath ar an scéim. Tagann an t-údar imní sin chun cinn i ndáil le scéimeanna atá bunaithe san Aontas agus i dtríú tíortha. Tá sé sin ag cur le hilroinnt an mhargaidh inmheánaigh, is baolach go gcuirfear cuideachtaí níos lú faoi mhíbhuntáiste leis, agus is dócha go gcuirfear tomhaltóirí ar míthreoir a thuilleadh agus go ndéanfar dochar dá muinín as lipéid chomhshaoil dá thoradh. Chun an baol sin a sheachaint agus comhchuibhiú níos fearr laistigh den mhargadh aonair a áirithiú, maidir leis na maímh chomhshaoil shainráite, lena n-áirítear lipéid chomhshaoil, bunaithe ar scór comhiomlánaithe, arb é atá ann tionchar carnach táirgí nó trádálaithe ar an gcomhshaol ***ceanglais a chomhlíonadh lena n-áirithítear iontaofacht na scéimeanna lipéadaithe comhshaoil bunúsacha***, lena n-áirítear ***maidir lena modhanna measúnaithe agus lena rialachas***.

***a ghlacadh faoin Treoir seo, rud a fhágann scéimeanna comhchuibhithe le haghaidh na dtáirgí uile nó in aghaidh an ghrúpa táirgí shonraigh bunaithe ar mhodheolaíocht aonair chun an comhleanúnachas agus an inchomparáideacht a áirithiú***.

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 43**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (43) Chun maímh chomhshaoil shainráite mhíthreoracha a chomhrac, ar maímh iad a chuirtear in iúl i bhfoirm na lipéad inbhuanaitheachta agus chun iontaoibh tomhaltóirí as lipéid chomhshaoil a mhéadú, ba cheart critéir rialachais a leagan síos leis an Treoir seo nach mór do gach scéimeanna lipéadaithe comhshaoil iad a chomhlíonadh, rud a chomhlíonann dá réir na ceanglais a leagtar síos sa togra sin lena leasaítear Treoir 2005/29/CE. | (43) Chun maímh chomhshaoil shainráite mhíthreoracha a chomhrac, ar maímh iad a chuirtear in iúl i bhfoirm na lipéad inbhuanaitheachta agus chun iontaoibh tomhaltóirí as lipéid chomhshaoil a mhéadú***, lena n-áirítear trádmharcanna agus lógónna na scéimeanna deimhniúcháin***, ba cheart critéir rialachais a leagan síos leis an Treoir seo nach mór do gach scéimeanna lipéadaithe comhshaoil iad a chomhlíonadh, rud a chomhlíonann dá réir na ceanglais a leagtar síos sa togra sin lena leasaítear Treoir 2005/29/CE. |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 44**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (44) ***Ionas go seachnaítear tuilleadh*** | ***scriosta*** |

***iomadaithe scéimeanna lipéadaithe comhshaoil náisiúnta nó réigiúnacha de chineál I EN ISO 14024 atá aitheanta go hoifigiúil ('éicilipéadú'), agus scéimeanna lipéadaithe comhshaoil eile, agus chun tuilleadh comhchuibhithe sa mhargadh inmheánach a áirithiú, níor cheart scéimeanna lipéadaithe comhshaoil náisiúnta nó réigiúnacha nua a fhorbairt ach amháin faoi dhlí an Aontais. Mar sin féin, is féidir leis na Ballstáit iarraidh ar an gCoimisiún breithniú scéimeanna lipéadaithe poiblí a fhorbairt ar leibhéal an Aontais le haghaidh grúpaí táirgí nó earnálacha mar nach ann do na lipéid sin i ndlí an Aontais fós agus mar a mbeadh breisluach i gceist le comhchuibhiú chun na cuspóirí ó thaobh na hinbhuanaitheachta agus an mhargaidh inmheánaigh a bhaint amach ar bhealach éifeachtúil.***

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 46**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (46) D'fhéadfaí mearbhall i measc tomhaltóirí a chruthú nó dochar a dhéanamh dá muinín as lipéid chomhshaoil má bhíonn an iomarca scéimeanna lipéadaithe comhshaoil ann arna mbunú ag oibreoirí príobháideacha, agus má bhíonn na scéimeanna forluiteach i dtéarmaí raon feidhme. Dá bhrí sin, níor cheart do na Ballstáit bunú scéimeanna lipéadaithe comhshaoil nua a cheadú ar scéimeanna arna mbunú ag oibreoirí príobháideacha iad, ach amháin ar choinníoll go dtairgeann siad breisluach ***suntasach i gcomparáid leis na*** | (46) D'fhéadfaí mearbhall i measc tomhaltóirí a chruthú nó dochar a dhéanamh dá muinín as lipéid chomhshaoil má bhíonn an iomarca scéimeanna lipéadaithe comhshaoil ann arna mbunú ag oibreoirí príobháideacha, agus má bhíonn na scéimeanna forluiteach i dtéarmaí raon feidhme. Dá bhrí sin, níor cheart do na Ballstáit a cheadú ***scéimeanna lipéadaithe comhshaoil atá ann cheana a léiriú i gcleachtas tráchtála gnólacht le tomhaltóir ach amháin tar éis don Treoir seo teacht i bhfeidhm agus nuair a bheidh na scéimeanna sin i*** |

| | |
|---|---|
| ***scéimeanna náisiúnta nó réigiúnacha atá ann cheana*** i dtéarmaí uaillmhian na gcritéar i leith an chomhshaoil, chun an lipéad a dhámhachtain, cumhdach na dtionchar ábhartha ar an gcomhshaol, agus iomláine an mheasúnaithe is bonn leis na critéir. Ba cheart do na Ballstáit nós imeachta a leagan síos chun scéimeanna lipéadaithe comhshaoil nua a fhormheas bunaithe ar dheimhniú comhréireachta arna tharraingt suas ag an bhfíoraitheoir neamhspleách. Ba cheart feidhm a bheith aige sin maidir le scéimeanna atá bunaithe san Aontas agus lasmuigh den Aontas. | ***gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar amach sa Treoir seo, agus níor cheart dóibh a cheadú d'oibreoirí príobháideacha scéimeanna nua lipéadaithe comhshaoil a bhunú ach amháin*** ar choinníoll go gcuireann siad breisluach ar fáil***, i gcomhréir leis an Treoir seo,*** i dtéarmaí uaillmhian na gcritéar i leith an chomhshaoil, chun an lipéad a dhámhachtain, cumhdach na dtionchar ábhartha comhshaoil, agus iomláine an mheasúnaithe is bonn leis na critéir. Ba cheart do na Ballstáit nós imeachta a leagan síos chun scéimeanna lipéadaithe comhshaoil nua a fhormheas bunaithe ar dheimhniú comhréireachta arna tharraingt suas ag an bhfíoraitheoir neamhspleách***, agus measúnú a dhéanamh ar na maímh a rinneadh le scéimeanna lipéadaithe agus deimhniúcháin comhshaoil agus inbhuanaitheachta atá ann cheana***. Ba cheart feidhm a bheith aige sin maidir le scéimeanna atá bunaithe san Aontas agus lasmuigh den Aontas***, lena n-áirítear scéimeanna atá ann cheana***. |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 47**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (47) Chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar agus chun forfheidhmiú na bhforálacha maidir le ***scéimeanna lipéadaithe comhshaoil nua náisiúnta agus réigiúnacha atá aitheanta go hoifigiúil agus scéimeanna lipéadaithe nua*** príobháideacha a éascú, ba cheart don Choimisiún liosta de na scéimeanna sin a d'fhéadfadh leanúint d'fheidhm a bheith acu ar mhargadh an Aontais nó dul | (47) Chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar agus chun forfheidhmiú na bhforálacha maidir le scéimeanna lipéadaithe nua príobháideacha atá aitheanta go hoifigiúil a éascú, ba cheart don Choimisiún liosta de na scéimeanna sin a d'fhéadfadh leanúint d'fheidhm a bheith acu ar mhargadh an Aontais nó dul isteach i margadh an Aontais a fhoilsiú. |

isteach i margadh an Aontais a fhoilsiú.

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 48**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (48) Chun a áirithiú go mbeidh cur chuige comhchuibhithe ag na Ballstáit maidir le scéimeanna lipéadaithe comhshaoil arna bhforbairt ag oibreoirí príobháideacha a mheasúnú agus a fhormheas***,*** agus chun nós imeachta formheasa ag an gCoimisiún a bhunú le haghaidh scéimeanna beartaithe arna mbunú ag údaráis phoiblí lasmuigh den Aontas, ***ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt*** don Choimisiún chun rialacha comhchoiteanna a ghlacadh lena sonraítear ceanglais mhionsonraithe maidir leis na scéimeanna lipéadaithe comhshaoil sin a fhormheas, maidir le formáid agus inneachar na ndoiciméad tacaíochta agus maidir le rialacha nós imeachta chun na scéimeanna sin a fhormheas. ***Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[85].*** | (48) Chun a áirithiú go mbeidh cur chuige comhchuibhithe ag na Ballstáit maidir le scéimeanna lipéadaithe comhshaoil arna bhforbairt ag oibreoirí príobháideacha a mheasúnú agus a fhormheas, agus chun nós imeachta formheasa ag an gCoimisiún a bhunú le haghaidh scéimeanna beartaithe arna mbunú ag údaráis phoiblí lasmuigh den Aontas, ***tugtar de chumhacht*** don Choimisiún ***gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena leagtar amach*** rialacha comhchoiteanna lena sonraítear ceanglais mhionsonraithe maidir leis na scéimeanna lipéadaithe comhshaoil sin a fhormheas, maidir le formáid agus inneachar na ndoiciméad tacaíochta agus maidir le rialacha nós imeachta chun na scéimeanna sin a fhormheas. |
| ___________________ [85] ***Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).*** | ___________________ |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 49**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (49) Tá sé fíor-riachtanach go léiríonn maímh chomhshaoil shainráite an fheidhmíocht chomhshaoil agus tionchair chomhshaoil a chumhdaítear leis an maíomh i gceart, agus go mbreithnítear leo an fhianaise eolaíoch is déanaí. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh an trádálaí a dhéanann an maíomh bunús agus cumarsáid na maíomh ***a athbhreithniú agus a nuashonrú*** gach 5 bliana ar a laghad chun comhlíonadh cheanglais na Treorach seo a áirithiú | (49) Tá sé fíor-riachtanach go léiríonn maímh chomhshaoil shainráite ***agus scéimeanna lipéadaithe comhshaoil*** an fheidhmíocht chomhshaoil agus tionchair chomhshaoil a chumhdaítear leis an maíomh i gceart, ***go díreach ar an táirge agus a ghabhann leis an táirge***, agus go mbreithnítear leo an fhianaise eolaíoch is déanaí. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh an trádálaí ***agus na scéimeanna lipéadaithe comhshaoil a dhéanann an maíomh bunús agus cumarsáid na maíomh a athbhreithniú agus a nuashonrú*** gach 5 bliana ar a laghad chun comhlíonadh cheanglais na Treorach seo a áirithiú***.*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 49 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(49a) Le hAirteagal 13(1)e de Threoir an Aontais maidir le Táirgí Tobac 2014/40/AE, cuirtear toirmeasc ar mhaímh chomhshaoil ar tháirgí tobac agus ar phacáistíocht tobac, ach ní chuirtear toirmeasc leis ar eintitis thionscal an tobac maímh ghlasa a*** |

| | |
|---|---|
| | ***dhéanamh faoina ngníomhaíochtaí ina n-iomláine, go háirithe trí fheachtais fógraíochta maidir lena bhfeidhmíocht chomhshaoil a d'fhéadfadh tomhaltóirí a chur ar míthreoir; dá bhrí sin, níor cheart aon mhaíomh comhshaoil maidir le gníomhaíochtaí thionscal an tobac a cheadú.*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 51**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (51) Chun go mbeidh na húdaráis inniúla in ann cur chun feidhme fhorálacha na Treorach seo a rialú ar bhealach níos éifeachtúla agus chun maímh chomhshaoil shainráite nach bhfuil bunús tugtha leo a bheith ar an margadh a chosc a oiread agus is féidir, lena n-áirítear lipéid chomhshaoil, ba cheart d'fhíoraitheoirí a chomhlíonann na ceanglais chomhchuibhithe a leagtar síos leis an Treoir a sheiceáil go gcomhlíonann an fhaisnéis a úsáidtear chun bunús a thabhairt agus cumarsáid a dhéanamh maidir le maímh chomhshaoil shainráite, ceanglais na Treorach seo. Ionas nach gcuirfear tomhaltóirí ar míthreoir, ba cheart an fíorú a dhéanamh ***in aon chás*** sula gcuirfear na maímh chomhshaoil ar fáil don phobal nó sula dtaispeánfar lipéid chomhshaoil. Féadfaidh an fíoraitheoir, más iomchuí, roinnt bealaí a chur in iúl chun an maíomh comhshaoil sainráite a chomhlíonann ceanglais na Treorach seo a chur in iúl chun an gá le hathdheimhniú leanúnach a sheachaint i gcás go ndéanfaí an bealach cumarsáide a mhodhnú beagán gan difear a dhéanamh do chomhlíonadh | (51) Chun go mbeidh na húdaráis inniúla in ann cur chun feidhme fhorálacha na Treorach seo a rialú ar bhealach níos éifeachtúla agus chun maímh chomhshaoil shainráite nach bhfuil bunús tugtha leo a bheith ar an margadh a chosc a oiread agus is féidir, lena n-áirítear lipéid chomhshaoil, ba cheart d'fhíoraitheoirí a chomhlíonann na ceanglais chomhchuibhithe a leagtar síos leis an Treoir a sheiceáil go gcomhlíonann an fhaisnéis a úsáidtear chun bunús a thabhairt agus cumarsáid a dhéanamh maidir le maímh chomhshaoil shainráite, ceanglais na Treorach seo. Ionas nach gcuirfear tomhaltóirí ar míthreoir, ba cheart an fíorú a dhéanamh sula gcuirfear na maímh chomhshaoil ar fáil don phobal nó sula dtaispeánfar lipéid chomhshaoil***. Mar sin féin, chun dramhaíl táirgí nó phacáistíochta a bheidh priontáilte cheana féin roimh theacht i bhfeidhm na Treorach seo a sheachaint, féadfaidh na Ballstáit idirthréimhse a thabhairt isteach idir dáta theacht i bhfeidhm na Treorach seo agus dáta chur i bhfeidhm na Treorach seo, ar lena linn is féidir maímh*** |

| | |
|---|---|
| cheanglais na Treorach seo. Chun comhlíonadh na rialacha maidir le bunús a thabhairt agus cumarsáid a dhéanamh maidir le maímh shainráite chomhshaoil a éascú do thrádálaithe, lena n-áirítear na lipéid comhshaoil, ba cheart cineál agus inneachar an mhaímh nó an lipéid chomhshaoil a chur san áireamh san fhíorú, lena n-áirítear an dealraíonn sé go bhfuil siad éagórach i bhfianaise Threoir 2005/29/CE. | ***chomhshaoil atá ann cheana agus a cuireadh isteach i gcomhair fíorú a úsáid. Féadfaidh na Ballstáit tosaíocht a thabhairt d'fhíorú ar na maímh a rinneadh roimh theacht i bhfeidhm na Treorach seo***. Féadfaidh an fíoraitheoir, más iomchuí, roinnt bealaí a chur in iúl chun an maíomh comhshaoil sainráite a chomhlíonann ceanglais na Treorach seo a chur in iúl chun an gá le hathdheimhniú leanúnach a sheachaint i gcás go ndéanfaí an bealach cumarsáide a mhodhnú beagán gan difear a dhéanamh do chomhlíonadh cheanglais na Treorach seo. Chun comhlíonadh na rialacha maidir le bunús a thabhairt agus cumarsáid a dhéanamh maidir le maímh shainráite chomhshaoil a éascú do thrádálaithe, lena n-áirítear na lipéid comhshaoil, ba cheart cineál agus inneachar an mhaímh nó an lipéid chomhshaoil a chur san áireamh san fhíorú, lena n-áirítear an dealraíonn sé go bhfuil siad éagórach i bhfianaise Threoir 2005/29/CE. |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 52**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (52) Chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar do thrádálaithe ar fud an mhargaidh inmheánaigh a mhéid a bhaineann le ceanglais na Treorach seo a bheith á gcomhlíonadh ag na maímh chomhshaoil shainráite, ba cheart do na húdaráis inniúla ar fud an Aontais an deimhniú comhréireachta a aithint. Ba cheart cead a bheith ag micrifhiontair an deimhniú sin a iarraidh más mian leo a maímh a dheimhniú i gcomhréir le | (52) Chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar do thrádálaithe ar fud an mhargaidh inmheánaigh a mhéid a bhaineann le ceanglais na Treorach seo a bheith á gcomhlíonadh ag na maímh chomhshaoil shainráite, ba cheart do na húdaráis inniúla ar fud an Aontais an deimhniú comhréireachta a aithint. Ba cheart cead a bheith ag micrifhiontair ***agus ag fiontair bheaga a bhaineann úsáid as an idirthréimhse*** an deimhniú sin a |

| | |
|---|---|
| ceanglais na Treorach seo agus tairbhe a bhaint as aitheantas an deimhnithe ar fud an Aontais. Níor cheart, áfach, go ndéanfaí leis an deimhniú comhréireachta réamhbhreithiúnas maidir le maíomh comhshaoil a mheasúnú, ar measúnú é a dhéanann na húdaráis phoiblí nó na cúirteanna a dhéanann Treoir 2005/29/CE a fhorfheidhmiú. | iarraidh más mian leo a maímh a dheimhniú i gcomhréir le ceanglais na Treorach seo agus tairbhe a bhaint as aitheantas an deimhnithe ar fud an Aontais. Níor cheart, áfach, go ndéanfaí leis an deimhniú comhréireachta réamhbhreithiúnas maidir le maíomh comhshaoil a mheasúnú, ar measúnú é a dhéanann na húdaráis phoiblí nó na cúirteanna a dhéanann Treoir 2005/29/CE a fhorfheidhmiú. |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 53**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (53) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis na forálacha i ndáil le maímh chomhshaoil shainráite agus scéimeanna lipéadaithe comhshaoil a fhíorú agus chun forfheidhmiú na bhforálacha maidir le fíorú na Treorach seo a éascú, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun foirm choiteann a ghlacadh le haghaidh deimhnithe comhréireachta agus na modhanna teicniúla chun na deimhnithe sin a eisiúint. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[86]. | (53) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis na forálacha i ndáil le maímh chomhshaoil shainráite agus scéimeanna lipéadaithe comhshaoil a fhíorú agus chun forfheidhmiú na bhforálacha maidir le fíorú na Treorach seo a éascú, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun foirm choiteann a ghlacadh le haghaidh deimhnithe comhréireachta agus na modhanna teicniúla chun na deimhnithe sin a eisiúint. ***Ba cheart go n-éascódh an fhoirm choiteann sin aitheantas na n-údarás inniúil do dheimhnithe comhréireachta ar fud an Aontais.*** Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[86]. |
| [86] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na | [86] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na |

rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 54**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (54) Ba cheart go mbeadh fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) in ann tairbhe a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an margadh le haghaidh táirgí níos inbhuanaithe ach d’fhéadfadh costais arda go comhréireach a bheith orthu agus deacrachtaí a bheith i ndán dóibh maidir le cuid de na ceanglais maidir le bunús a thabhairt agus fíorú i ndáil le maímh chomhshaoil sháinráite. Ba cheart do na Ballstáit faisnéis leordhóthanach a sholáthar agus feasacht a mhúscailt maidir leis na bealaí chun ceanglais na Treorach seo a chomhlíonadh, oiliúint spriocdhírithe agus speisialaithe a áirithiú, agus cúnamh agus tacaíocht shonrach, lena n-áirítear cúnamh airgeadais, a chur ar fáil do FBManna ar mian leo maímh chomhshaoil shainráite a dhéanamh a mhéid a bhaineann lena dtáirgí nó lena ngníomhaíochtaí. Ba cheart gníomhaíochtaí na mBallstát a dhéanamh i leith na rialacha is infheidhme maidir leis an Státchabhair. | (54) Ba cheart ***micrifhiontair,*** fiontair bheaga agus mheánmhéide a bheith in ann tairbhe a bhaint as na deiseanna a chuireann an margadh ar fáil le haghaidh táirgí níos inbhuanaithe ach d’fhéadfadh costais atá níos airde go comhréireach a bheith orthu agus deacrachtaí a bheith i ndán dóinh de thoradh cuid de na ceanglais a chomhlíonadh maidir le bunús a thabhairt agus fíorú a dhéanamh i ndáil le maímh chomhshaoil shainráite. Ba cheart do na Ballstáit ***agus don Choimisiún*** faisnéis leordhóthanach a sholáthar agus feasacht a mhúscailt maidir leis na bealaí chun ceanglais na Treorach seo a chomhlíonadh, oiliúint spriocdhírithe agus speisialaithe a áirithiú, agus cúnamh agus tacaíocht shonrach, lena n-áirítear cúnamh airgeadais, a chur ar fáil do FBManna ar mian leo maímh chomhshaoil shainráite a dhéanamh a mhéid a bhaineann lena dtáirgí nó lena ngníomhaíochtaí. Ba cheart gníomhaíochtaí na mBallstát a dhéanamh i leith na rialacha is infheidhme maidir leis an Státchabhair. ***Chun cothrom na Féinne a áirithiú do mhicrifhiontair, d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide ar fud an Aontais, ba cheart do na Ballstáit dul i mbun idirphlé rialta maidir le bearta tacaíochta do mhicrifhiontair, d’fhiontair*** |

***bheaga agus mheánmhéide atá i bhfeidhm ar leibhéil réigiúnacha agus náisiúnta faoi seach. Ina theannta sin, agus chun a áirithiú nach mbeidh costais atá díréireach ard agus deacrachtaí i ndán do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide i ndáil le ceanglais na Treorach seo, ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar roinnt tionscnamh faoi chuimsiú cláir airgeadais atá tiomnaithe do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, i gcásanna inar mian leo maímh chomhshaoil shainráite a dhéanamh maidir lena dtáirgí nó lena ngníomhaíochtaí.***

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 56**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (56) Chun a áirithiú go mbainfear amach cuspóirí na Treorach seo agus go bhforfheidhmeofar na ceanglais go héifeachtach, ba cheart do na Ballstáit a n-údaráis inniúla féin a ainmniú a bheidh freagrach as an Treoir seo a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú. Mar sin féin, i bhfianaise dhlúthchomhlántacht Airteagal 5 agus Airteagal 6 den Treoir seo le forálacha Threoir 2005/29/CE, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit freisin na húdaráis inniúla chéanna atá freagrach as forfheidhmiú Threoir 2005/29/CE a ainmniú lena bhforfheidhmiú. Ar mhaithe le comhsheasmhacht, nuair a dhéanann na Ballstáit an rogha sin, ba cheart iad a bheith in ann brath ar na modhanna agus na cumhachtaí forfheidhmithe atá bunaithe acu i gcomhréir le hAirteagal 11 | (56) Chun a áirithiú go mbainfear amach cuspóirí na Treorach seo agus go bhforfheidhmeofar na ceanglais go héifeachtach, ba cheart do na Ballstáit a n-údaráis inniúla féin a ainmniú a bheidh freagrach as an Treoir seo a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú. Mar sin féin, i bhfianaise dhlúthchomhlántacht Airteagal 5 agus Airteagal 6 den Treoir seo le forálacha Threoir 2005/29/CE, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit freisin na húdaráis inniúla chéanna atá freagrach as forfheidhmiú Threoir 2005/29/CE a ainmniú lena bhforfheidhmiú. Ar mhaithe le comhsheasmhacht, nuair a dhéanann na Ballstáit an rogha sin, ba cheart iad a bheith in ann brath ar na modhanna agus na cumhachtaí forfheidhmithe atá bunaithe acu i gcomhréir le hAirteagal 11 |

| | |
|---|---|
| de Threoir 2005/29/CE***, de mhaolú ar na rialacha maidir le forfheidhmiú a leagtar síos sa Treoir seo***. I gcásanna ina bhfuil níos mó ná údarás inniúil amháin ainmnithe ina gcríoch agus chun feidhmiú éifeachtach dhualgais na n-údarás inniúil a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit dlúthchomhar a áirithiú idir na húdaráis inniúla ainmnithe uile. | de Threoir 2005/29/CE. I gcásanna ina bhfuil níos mó ná údarás inniúil amháin ainmnithe ina gcríoch agus chun feidhmiú éifeachtach dhualgais na n-údarás inniúil a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit dlúthchomhar a áirithiú idir na húdaráis inniúla ainmnithe uile. |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 65**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (65) Agus gníomhartha tarmligthe á nglacadh aige de bhun Airteagal 290 CFAE, tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear é sin a dhéanamh ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[89]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile an tráth céanna le saineolaithe na mBallstát, agus tá rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. | (65) Agus gníomhartha tarmligthe á nglacadh aige de bhun Airteagal 290 CFAE, tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí***, lena n-áirítear leis an bhfóram comhairliúcháin*** le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear é sin a dhéanamh ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[89]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile an tráth céanna le saineolaithe na mBallstát, agus tá rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. |
| ___________________ | ___________________ |
| [89] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1. | [89] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1. |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 67**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (67) I gcás ina measann an Coimisiún, bunaithe ar thorthaí an fhaireacháin agus na meastóireachta ar an Treoir seo, gurb iomchuí athbhreithniú ar an Treoir seo a mholadh, ba cheart breithniú freisin ar indéantacht agus oiriúnacht forálacha breise maidir le sainordú a thabhairt i dtaca le húsáid modha choitinn chun bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite, ***ar leathnú an toirmisc ar mhaímh chomhshaoil i gcás táirgí ina bhfuil substaintí guaiseacha ach amháin i gcás ina meastar go bhfuil a n-úsáid riachtanach don tsochaí,*** nó ar chomhchuibhiú breise maidir le ceanglais i ndáil le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shonracha i dtaca le gnéithe comhshaoil nó tionchair chomhshaoil. | (67) I gcás ina measann an Coimisiún, bunaithe ar thorthaí an fhaireacháin agus na meastóireachta ar an Treoir seo, gurb iomchuí athbhreithniú ar an Treoir seo a mholadh, ba cheart breithniú a dhéanamh freisin ar indéantacht agus oiriúnacht forálacha breise maidir le sainordú a thabhairt i dtaca le húsáid modha choitinn chun bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite, nó ar chomhchuibhiú breise maidir le ceanglais i ndáil le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shonracha i dtaca le gnéithe comhshaoil nó tionchair chomhshaoil. |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 68**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (68) Ba cheart úsáid na substaintí is díobhálaí a chéimniú amach ar deireadh san Aontas chun dochar suntasach do shláinte an duine agus don chomhshaol a sheachaint agus a chosc, go háirithe a n- | (68) Ba cheart úsáid na substaintí is díobhálaí a chéimniú amach ar deireadh san Aontas chun dochar suntasach do shláinte an duine agus don chomhshaol a sheachaint agus a chosc, go háirithe a n- |

úsáid i dtáirgí tomhaltais. Le Rialachán (CE) 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[90] toirmisctear lipéadú meascán agus substaintí ina bhfuil ceimiceáin ghuaiseacha mar 'neamhthocsaineach', 'neamhdhíobhálach', 'neamhthruaillitheach', 'éiceolaíoch' nó aon ráiteas eile lena gcuirtear in iúl nach bhfuil an tsubstaint nó an meascán guaiseach nó ráitis atá ar neamhréir le haicmiú na substainte nó an mheascáin sin. Ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go gcomhlíonfar an oibleagáid sin. Mar a gealladh sa Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht, saineoidh an Coimisiún critéir maidir le húsáidí fíor-riachtanacha chun a cur i bhfeidhm a threorú i reachtaíocht ábhartha an Aontais. .

úsáid i dtáirgí tomhaltais***. Ba cheart don Choimisiún tuarascáil a chur ar fáil maidir le maímh chomhshaoil shainráite a úsáid i leith táirgí ina bhfuil substaintí díobhálacha agus meastóireacht a dhéanamh ar cé na táirgí nó na grúpaí táirgí a bhfuil úsáid maíomh comhshaoil sainráite ina leith míthreorach Ós rud é gur féidir le húsáid na maíomh sin tomhaltas na dtáirgí sin ina bhfuil substaintí atá díobhálach don chomhshaol nó do shláinte an duine a spreagadh, ba cheart an chumhacht a bheith ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun srianta nó toirmisc a thabhairt isteach maidir le húsáid na maíomh comhshaoil sainráite sin. Ina thuarascáil, d'fhéadfadh an Coimisiún meastóireacht a dhéanamh freisin an mbeadh sé iomchuí go n-úsáidfí critéir áirithe Éicilipéad an AE a leagtar amach faoi Rialachán (CE) Uimh. 66/2010 maidir le húsáid substaintí nó ullmhóidí/meascán le haghaidh srianta nó toirmisc a d'fhéadfadh a bheith ann ar úsáid maíomh comhshaoil sainráite faoin Treoir seo***. Le Rialachán (CE) 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[90] toirmisctear lipéadú meascán agus substaintí ina bhfuil ceimiceáin ghuaiseacha mar 'neamhthocsaineach', 'neamhdhíobhálach', 'neamhthruaillitheach', 'éiceolaíoch' nó aon ráiteas eile lena gcuirtear in iúl nach bhfuil an tsubstaint nó an meascán guaiseach nó ráitis atá ar neamhréir le haicmiú na substainte nó an mheascáin sin. Ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go gcomhlíonfar an oibleagáid sin. Mar a gealladh sa Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht, saineoidh an Coimisiún critéir maidir le húsáidí fíor-riachtanacha chun a cur i bhfeidhm a threorú i reachtaíocht ábhartha an Aontais. .

___________________

90 Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó

___________________

90 Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó

| | |
|---|---|
| Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1). | Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1). |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Raon feidhme | ***Ábhar agus*** raon feidhme |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír -1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ****-1. Is é is cuspóir leis an Treoir seo foráil a dhéanamh maidir le hardleibhéal cosanta don tomhaltóir agus don chomhshaol, agus rannchuidiú le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh ag an am céanna, trí dhlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin na mBallstát a chomhfhogasú a bhaineann le maímh chomhshaoil a dhéantar ar tháirgí a chuirtear ar fáil ar an margadh nó a dhéantar faoi threoir na dtáirgí sin nó le trádálaithe a chuireann táirgí ar fáil ar an margadh.*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1– mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| *1. Tá feidhm ag an Treoir seo maidir le maímh chomhshaoil shainráite a dhéanann trádálaithe faoi tháirgí nó faoi thrádálaithe i gcleachtais tráchtála gnólacht le tomhaltóir. | *1. Tá feidhm ag an Treoir seo maidir le maímh chomhshaoil shainráite a dhéanann trádálaithe faoi tháirgí ***a chuirtear ar an margadh nó a chuirtear i mbun seirbhíse, lena n-áirítear trí ardáin ar líne*** nó faoi thrádálaithe ***agus scéimeanna lipéadaithe comhshaoil*** i gcleachtais tráchtála gnólacht le tomhaltóir. |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 2 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(i) Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[103];*** | ***scriosta*** |
| ___________________ | ___________________ |
| ***[103] Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 lena leagtar síos coinníollacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú agus lena n-aisghairtear Treoir 89/106/CEE ón gComhairle (IO L 88, 4.4.2011, lch. 5).*** | |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 2 – pointe k**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(k) Treoir 94/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[105];*** | ***scriosta*** |
| ___________________ | ___________________ |
| ***[105] Treoir 94/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 1994 maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht (IO L 365, 31.12.1994, lch. 10).*** | |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 2 – pointe o**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (o) Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[109] agus rialacha, caighdeáin nó treoirlínte eile an Aontais, nó náisiúnta nó idirnáisiúnta le haghaidh seirbhísí airgeadais, ionstraimí airgeadais, agus táirgí airgeadais; | (o) Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[109]***, Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*** agus rialacha, caighdeáin nó treoirlínte eile de chuid an Aontais, náisiúnta nó idirnáisiúnta le haghaidh seirbhísí airgeadais, ionstraimí airgeadais, agus táirgí airgeadais; |
| ___________________ | ___________________ |
| [109] Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE | [109] Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE |

| | |
|---|---|
| ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19). | ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19). |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 2 – pointe o a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(oa) Rialachán (AE) Uimh. 1007/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hainmneacha snáithíní teicstíle agus maidir le lipéadú gaolmhar agus margaíocht ghaolmhar táirgí teicstíle i leith a gcomhdhéanaimh shnáithínigh;*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 2 – pointe p**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(p) rialacha eile an Aontais atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo lena leagtar amach na coinníollacha faoina bhféadfar maímh chomhshaoil shainráite áirithe i dtaobh táirgí nó trádálaithe áirithe a dhéanamh nó rialacha eile an Aontais lena leagtar síos ceanglais maidir le measúnú a dhéanamh ar thionchair chomhshaoil, ar ghnéithe comhshaoil nó ar fheidhmíocht*** | ***scriosta*** |

***chomhshaoil táirgí nó trádálaithe áirithe nó maidir le cur in iúl na nithe sin, nó maidir le coinníollacha le haghaidh scéimeanna lipéadaithe comhshaoil.***

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18 chun an liosta dá dtagraítear i mír 2 a leasú chun reachtaíocht nua nó reachtaíocht athbhreithnithe a scriosadh nó a chur isteach i gcás ina soláthraíonn siad leibhéal ceanglas is féidir a mheas a bheith coibhéiseach leis na ceanglais dá bhforáiltear sa Treoir seo. Áirítear an méid seo a leanas ar na ceanglais a cheanglaítear a bheith coibhéiseach:*** |
| | ***(a) an leibhéal nochta faisnéise;*** |
| | ***(b) na ceanglais maidir le fíorú tríú páirtí sula gcuirfear an maíomh ar an margadh;*** |
| | ***(c) an leibhéal forfheidhmithe.*** |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) ciallaíonn ‘lipéad comhshaoil’ lipéad inbhuanaitheachta lena gcumhdaítear gnéithe comhshaoil de tháirge, próiseas nó trádálaí a bhaineann leis an gcomhshaol ***amháin nó leis an gcomhshaol den chuid is mó***; | (8) ciallaíonn ‘lipéad comhshaoil’ lipéad inbhuanaitheachta lena gcumhdaítear ***gné amhaín nó níos mó*** gnéithe comhshaoil de tháirge, próiseas nó trádálaí; |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) ciallaíonn ‘slabhra luacha’ gach gníomhaíocht agus próiseas atá mar chuid de shaolré táirge nó de ghníomhaíocht trádálaí, lena n-áirítear athmhonaraíocht; | (12) ciallaíonn ‘slabhra luacha’ gach gníomhaíocht agus próiseas atá mar chuid de shaolré táirge nó de ghníomhaíocht trádálaí, lena n-áirítear athmhonaraíocht***, athúsáid, athchúrsáil agus deireadh ré***; |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) ciallaíonn ‘faisnéis thánaisteach’ faisnéis atá bunaithe ar fhoinsí eile seachas faisnéis phríomhúil lena n-áirítear staidéir litríochta, staidéir innealtóireachta agus paitinní. | (15) ciallaíonn ‘faisnéis thánaisteach’ faisnéis atá bunaithe ar fhoinsí eile seachas faisnéis phríomhúil lena n-áirítear staidéir litríochta ***piarmheasúnaithe***, staidéir innealtóireachta agus paitinní. |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) ciallaíonn 'tionchar comhshaoil' aon athrú ar an gcomhshaol, bíodh sé dearfach nó diúltach, a eascraíonn go hiomlán nó go páirteach as gníomhaíochtaí trádálaí nó earnála nó as táirge nó grúpa táirgí le linn a shaolré. | (19) ciallaíonn 'tionchar comhshaoil' aon athrú ***intomhaiste*** ar an gcomhshaol, bíodh sé dearfach nó diúltach, a eascraíonn go hiomlán nó go páirteach as gníomhaíochtaí trádálaí nó earnála nó as táirge nó grúpa táirgí le linn a shaolré. |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 19 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(19a) ciallaíonn 'scéim lipéadaithe comhshaoil' scéim deimhniúcháin lena ndeimhnítear go gcomhlíonann táirge, próiseas nó trádálaí na ceanglais maidir le lipéad comhshaoil.*** |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) sonrófar an mbaineann an maíomh le táirge iomlán, le cuid de tháirge nó le | (a) sonrófar an mbaineann an maíomh le táirge iomlán, le cuid de tháirge***, le cuid*** |

| | |
|---|---|
| gnéithe áirithe de tháirge, nó le gníomhaíochtaí uile trádálaí nó le cuid nó gné áirithe de na gníomhaíochtaí sin, de réir mar is ábhartha maidir leis an maíomh; | ***de shaolré táirge,*** nó le gnéithe áirithe de tháirge, nó le gníomhaíochtaí uile trádálaí nó le cuid nó gné áirithe de na gníomhaíochtaí sin, de réir mar is ábhartha maidir leis an maíomh; |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) braithfear ar fhianaise eolaíoch a aithnítear go forleathan, úsáidfear faisnéis chruinn agus cuirfear caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha san áireamh; | (b) braithfear ar fhianaise eolaíoch ***neamhspleách, phiarmheasúnaithe,*** atá aitheanta go forleathan***, láidir agus infhíoraithe***, úsáidfear faisnéis chruinn agus cuirfear caighdeáin ábhartha de chuid ***an Aontais nó*** caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta san áireamh; |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) i gcás ina ndéanfar maíomh maidir le feidhmíocht chomhshaoil, cuirfear san áireamh na gnéithe comhshaoil nó na tionchair chomhshaoil uile atá suntasach ó thaobh measúnú a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht chomhshaoil; | (d) i gcás ina ndéanfar maíomh maidir le feidhmíocht chomhshaoil, cuirfear san áireamh na gnéithe comhshaoil nó na tionchair chomhshaoil uile atá suntasach ó thaobh measúnú a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht chomhshaoil***, lena n-áirítear ó thaobh na saolré de***; |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) sainaithneofar an ndéanfar ***dochar suntasach*** do thionchair chomhshaoil maidir le hathrú aeráide***,*** do thomhaltas acmhainní agus ciorclaíocht, d'úsáid inbhuanaithe agus do chosaint uisce agus acmhainní muirí, don truailliú, don bhithéagsúlacht, do leas ainmhithe agus d'éiceachórais mar thoradh ar fheabhas a chur ar thionchair chomhshaoil, ar ghnéithe comhshaoil nó ar fheidhmíocht chomhshaoil atá faoi réir an mhaímh; | (g) an dtagann ***comhbhabhtála diúltacha*** i ndáil leis ***an gcomhshaol agus le tionchair shonracha*** chomhshaoil***, lena n-áirítear*** ar thomhaltas acmhainní an athraithe aeráide agus ar chiorclaíocht, ar úsáid inbhuanaithe agus ar chosaint uisce agus acmhainní muirí, ar thruailliú, ar bhithéagsúlacht, ar leas ainmhithe agus ar éiceachórais mar thoradh ar fheabhas a chur ar thionchair chomhshaoil, ar ghnéithe comhshaoil nó ar fheidhmíocht chomhshaoil atá faoi réir an mhaímh; |

**Leasuithe 156 agus 167**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) deighlfear aon ***fhritháireamh d'astaíochtaí gás ceaptha teasa*** a úsáidtear ó astaíochtaí gás ceaptha teasa mar fhaisnéis bhreise ***faoin gcomhshaol***, sonrófar an mbaineann na ***fritháirimh*** sin le laghduithe nó aistrithe astaíochtaí***, agus tabharfar tuairisc ar an gcaoi a bhfuil na fritháirimh ar a bhfuiltear ag brath d'ardshláine agus curtha san áireamh i gceart chun an tionchar a mhaítear ar an aeráid a léiriú***; | (h) deighlfear aon ***chreidmheasanna carbóin*** a úsáidtear ó astaíochtaí gás ceaptha teasa mar fhaisnéis bhreise ***chomhshaol***, sonrófar an mbaineann na ***creidmheasanna*** sin le laghduithe nó aistrithe astaíochtaí; |

**Leasuithe 157 agus 168**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe h a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ha) i gcás creidmheasanna carbóin a úsáid i gcomhréir le mír 3b, léireofar sciar na n-astaíochtaí iarmharacha arna sloinneadh mar sciar d'astaíochtaí bunbhliana, mar sciar de na hastaíochtaí bithghineacha agus iontaise laistigh de na hastaíochta iarmharacha sin agus cainníocht agus cineáil na gníomhaíochta (buanaistriú carbóin, stóráil carbóin i dtáirgí, ceapadh na feirmeoireachta carbóin, nó laghduithe ar astaíochtaí ithreach, mar a shainmhínítear in [Rialachán lena mbunaítear creat deimhniúcháin de chuid an Aontais le haghaidh buanaistrithe carbóin, na feirmeoireachta carbóin agus na stórála carbóin i dtáirgí]) is bonn leis na creidmheasanna a úsáideadh, agus fianaise á soláthar gur baineadh na creidmheasanna go hiomchuí ó chlár na scéime deimhniúcháin, chun comhaireamh dúbailte a sheachaint;*** |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) áireofar príomhfhaisnéis ***atá ar fáil don trádálaí*** maidir le tionchair chomhshaoil, gnéithe comhshaoil nó feidhmíocht chomhshaoil, atá faoi réir an | (i) áireofar faisnéis phríomhúil maidir le tionchair chomhshaoil, gnéithe comhshaoil nó feidhmíocht chomhshaoil, atá faoi réir an mhaímh ***atá inrochtana ag an trádálaí*** |

| | |
|---|---|
| mhaímh; | ***nó a fhéadfaidh an trádálaí a fháil, lena n-áirítear trí sheilbh, trí thaighde nó trí sholáthar***; |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe j**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (j) áireofar faisnéis thánaisteach ábhartha maidir le tionchair chomhshaoil, gnéithe comhshaoil, nó feidhmíocht chomhshaoil atá ionadaíoch ar shlabhra luacha sonrach an táirge nó an trádálaí a ndéantar maíomh ina leith, i gcásanna nach bhfuil aon fhaisnéis phríomhúil ar fáil. | (j) áireofar, ***mar fhorlíonadh ar fhaisnéis phríomhúil,*** faisnéis thánaisteach ábhartha maidir le tionchair chomhshaoil, gnéithe comhshaoil, nó feidhmíocht chomhshaoil atá ionadaíoch do shlabhra luacha sonrach an táirge nó an trádálaí a ndéantar maíomh ina leith, i gcásanna nach bhfuil aon fhaisnéis phríomhúil ar fáil***, maille le bonn cirt maidir leis an bhfáth ar úsáideadh faisnéis thánaisteach***. |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe j a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ja) chun creidmheasanna carbóin a úsáid le haghaidh maímh ranníocaíochta, a áirithiú nach n-úsáidfear aon ranníocaíocht airgeadais chun tionchar feabhsaithe aeráide nó comhshaoil an táirge nó an trádálaí a mhaíomh, agus aon ranníocaíocht airgeadais a dheighilt ó thionchar aeráide nó comhshaoil an*** |

***táirge nó an trádálaí mar fhaisnéis bhreise chomhshaoil.***

**Leasuithe 159 agus 169**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Beidh toirmeasc ar mhaímh chomhshaoil i ndáil le tionchar neodrach, laghdaithe nó dearfach a bheith ag táirge bunaithe ar úsáid creidmheasanna carbóin, i gcomhréir le Treoir 2005/29/CE mar a leasaítear le Treoir (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le [Tomhaltóirí a Chumhachtú don Aistriú Glas].*** |

**Leasuithe 160 agus 170**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3b. Ní fhéadfar éilimh ar chúiteamh bunaithe ar úsáid creidmheasanna carbóin a dhéanamh ach maidir le hastaíochtaí iarmharacha trádálaí i gcomhréir leis an ngníomh tarmligthe a leagtar amach in Airteagal 3(4a). Maidir le maímh ar fheidhmíocht chomhshaoil a bheidh ann amach anseo bunaithe ar úsáid creidmheasanna carbóin, comhlíonfaidh an trádálaí na rialacha ábhartha a leagtar amach i Rialachán*** |

***Tarmligthe (AE) 2023/2772. Ní mór na creidmheasanna carbóin a úsáidtear a bheith ina n-aonaid dheimhnithe arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat deimhniúcháin de chuid Aontais le haghaidh aistrithe carbóin, ina n-aonaid eile i gcomhair le mír 3c. I gcás ina bhfuil aonaid á n-úsáid i gcomhair astaíochtaí iontaise a chúiteamh, tabharfar bunús leis an éileamh trí bhuanaistrithe mar a shainmhínítear i [Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat deimhniúcháin an Aontais le haghaidh aistrithe carbóin].***

**Leasuithe 161 agus 171**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 3 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3c. Féadfar aonaid dheimhnithe seachas iad sin a eisiatar i gcomhréir le [Rialachán ó lena mbunaítear creat deimhniúcháin de chuid an Aontais le haghaidh buanaistrithe carbóin, na feirmeoireachta carbóin agus na stórála carbóin i dtáirgí] a úsáid i gcásanna a bhfuil údar cuí leo ina n-aithníonn an Coimisiún na scéimeanna sin mar chuid den liosta de scéimeanna comhlíontacha a chomhfhreagraíonn do cheanglais atá coibhéiseach ar a laghad leo siúd dá bhforáiltear i [Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat deimhniúcháin de chuid an Aontais le haghaidh buanaistrithe carbóin, na feirmeoireachta carbóin agus na stórála*** |

| | |
|---|---|
| | ***carbóin i dtáirgí], go háirithe maidir le ceanglais faireacháin, tuairiscithe, fíoraithe agus dliteanais, agus lena n-áirithítear nach ndéantar comhaireamh dúbailte. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18 chun scéimeanna creidmheasa carbóin aitheanta a liostú a mheastar go gcomhlíonann siad na ceanglais choibhéiseacha sin.*** |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 3 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3d. Faoi ..[18 mí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo], soláthróidh an Coimisiún tuarascáil maidir le húsáid maíomh comhshaoil sainráite i leith táirgí nó grúpaí táirgí ina bhfuil substaintí nó ullmhóidí/meascáin a chomhlíonann na critéir maidir lena n-aicmiú mar thocsaineach, atá guaiseach don chomhshaol, carcanaigineach, só-ghineach nó tocsaineach don atáirgeadh (CMR), rud is cúis le suaitheadh inchríneach ar shláinte an duine nó ar an gcomhshaol, airíonna marthanacha, bithcharnacha agus tocsaineacha (PBT), airíonna an-mharthanach, an-bhithcharnach (vPvB), airíonna marthanacha, soghluaiste agus tocsaineacha (PMT), nó airíonna an-mharthanach agus an-soghluaiste (vPvM) mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán,*** |

***agus substaintí dá dtagraítear in Airteagal 57 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, Déanfar meastóireacht sa tuarascáil sin ar cé na táirgí nó na grúpaí táirgí a bhfuil úsáid maíomh comhshaoil sainráite míthreorach ina leith agus déanfar measúnú inti ar an ngá atá le srianta nó toirmisc ar úsáid maíomh comhshaoil sainráite i gcás na dtáirgí sin nó na ngrúpaí táirgí sin d'fhonn maímh mhíthreoracha a chosc agus rannchuidiú le cosaint shláinte an duine agus an chomhshaoil.***

***I gcás inarb é conclúid na tuarascála go bhfuil úsáid maíomh comhshaoil sainráite i dtáirge nó i ngrúpa táirgí ina bhfuil substaintí nó ullmhóidí/meascáin dá dtagraítear i bhfomhír 1 míthreorach, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18 chun na ceanglais maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite a fhorlíonadh trí shrianta nó toirmisc a thabhairt isteach maidir le húsáid maíomh comhshaoil sainráite maidir leis an táirge nó an grúpa táirgí sin.***

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 4 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| *4. Tráth a nochtar leis an bhfaireachán tráthrialta ar éabhlóid na maíomh comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 20 go bhfuil difríochtaí maidir le cur i bhfeidhm na gceanglas a leagtar síos i mír 1 i ndáil le maímh shonracha agus ***go gcruthaíonn na difríochtaí sin bacainní ar*** fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, nó i gcás ina n-aithníonn an Coimisiún go gcuirtear tomhaltóirí ar míthreoir go forleathan ***mar gheall ar*** easpa ceanglas maidir le maímh shonracha, ***féadfaidh*** an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18 chun na ceanglais maidir le bunús a thabhairt le maímh shainráite chomhshaoil a leagtar síos i mír 1 a fhorlíonadh tríd an méid seo a leanas: | *4. Tráth a nochtar leis an bhfaireachán tráthrialta ar éabhlóid na maíomh comhshaoil ***sainráite*** dá dtagraítear in Airteagal 20 go bhfuil difríochtaí maidir le cur i bhfeidhm na gceanglas a leagtar síos i mír 1 i ndáil le maímh shonracha agus ***go bhféadfadh drochthionchar a bheith ag na difríochtaí sin ar*** fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, nó i gcás ina n-aithníonn an Coimisiún ***go bhféadfadh sé go gcuirfí*** tomhaltóirí ar míthreoir go forleathan mar gheall ar easpa ceanglas maidir le maímh shonracha, ***déanfaidh*** an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18 chun na ceanglais maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite a leagtar síos i mír 1 a fhorlíonadh tríd an méid seo a leanas: |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 4 – pointe -a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-a) na tionchair ábhartha chomhshaoil a chumhdófar leis an mbunús a chinneadh;*** |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 4 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) rialacha sonracha saolré-bhunaithe a leagan síos maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite i gcás grúpaí agus earnálacha táirgí áirithe. | (c) rialacha sonracha saolré-bhunaithe a leagan síos maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite i gcás grúpaí agus earnálacha táirgí áirithe***, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, ar bhonn na Rialacha Catagóire maidir le Lorg Comhshaoil Táirge agus Rialacha Earnála maidir le Lorg Comhshaoil Eagraíochtaí i gcás ina gcumhdaítear leis na rialacha sin gach tionchar ar an gcomhshaol nó gach gné atá ábhartha don chatagóir táirgí nó don trádálaí***. |

**Leasuithe 162/rev agus 172**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Chun na forálacha*** maidir ***le húsáid aonad deimhnithe i gcomhair astaíochtaí iarmharacha trádálaí*** a ***fhorlíonadh, glacfaidh an Coimisiún1 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 18 chun modh*** a ***bhunú chun astaíochtaí iarmharacha a shainmhíniú***, ***bunaithe ar chonair laghdaithe astaíochtaí atá comhoiriúnach leis an téamh domhanda*** a ***theorannú*** go ***1,5 °C agus an fhéidearthacht theicniúil á cur san áireamh agus i gcomhairle*** leis ***an mBord Comhairleach Eolaíoch Eorpach*** |

***maidir*** leis an ***Athrú Aeráide.***

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 4 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4b. Faoi... [1 bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], sainaithneoidh an Coimisiún na maímh chomhshaoil shainráite is coitianta a dhéantar ar mhargadh an Aontais agus foilseoidh sé plean oibre ina liostófar na maímh a bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún a fhorlíonadh leis an ngníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 4. Tabharfar an plean oibre sin cothrom le dáta gach 3 bliana ar a laghad.*** |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 4 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4c. Faoi ... [1 bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], glacfaidh an Coimisiún treoirlínte chun léirmhíniú Airteagal 3(1) pointe (b) a éascú.*** |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 5 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) Rialacha Catagóire maidir le Lorg Comhshaoil Táirge agus Rialacha Earnála maidir le Lorg Comhshaoil Eagraíochta atá ann cheana;*** |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 5 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) rochtain éasca ar fhaisnéis agus ar shonraí le haghaidh measúnú agus úsáid na faisnéise agus na sonraí sin ag fiontair bheaga agus mheánmhéide ('FBManna'). | (d) rochtain éasca ar fhaisnéis agus ar shonraí le haghaidh measúnú agus úsáid na faisnéise agus na sonraí sin ag ***micrifhiontair agus*** ag fiontair bheaga agus mheánmhéide ('FBManna'). |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. I gcás nach bhfuil aon mhodh eolaíoch aitheanta ann nó nach bhfuil dóthain fianaise ann chun tionchair agus gnéithe comhshaoil a mheasúnú, beidh eisiamh na dtionchar sin trédhearcach agus déanfar iarrachtaí modhanna a fhorbairt agus fianaise a charnadh chun*** |

***gur féidir measúnú a dhéanamh ar an tionchar faoi seach. Go dtí go bhforbrófar an modh a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach sa chéad mhír, ní dhéanfar maímh a thagraíonn do na tionchair chomhshaoil sin.***

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) go bhfuil an fhaisnéis ***agus na sonraí*** a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar thionchair chomhshaoil, ar ghnéithe comhshaoil nó ar fheidhmíocht chomhshaoil na dtáirgí nó na dtrádálaithe a ndéantar an chomparáid ina leith, coibhéiseach leis an bhfaisnéis ***agus na sonraí*** a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar thionchair chomhshaoil, ar ghnéithe comhshaoil nó ar fheidhmíocht chomhshaoil an táirge nó an trádálaí atá faoi réir an mhaímh; | (a) go bhfuil an fhaisnéis***, na sonraí agus na modhanna*** a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar thionchair chomhshaoil, ar ghnéithe comhshaoil nó ar fheidhmíocht chomhshaoil na dtáirgí nó na dtrádálaithe a ndéantar an chomparáid ina leith, coibhéiseach leis an bhfaisnéis***, na sonraí agus na modhanna*** a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar thionchair chomhshaoil, ar ghnéithe comhshaoil nó ar fheidhmíocht chomhshaoil an táirge nó an trádálaí atá faoi réir an mhaímh; |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 5 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| *3. I gcás ina bhfuil baint ag an maíomh comhshaoil sainráite le táirge deiridh, agus go bhfuil an chéim úsáide ar cheann de na céimeanna saolré is ábhartha den táirge | *3. I gcás ina bhfuil baint ag an maíomh comhshaoil sainráite le táirge deiridh, agus go bhfuil an chéim úsáide ***nó deireadh ré*** ar cheann de na céimeanna saolré is |

sin, áireofar leis an maíomh sin faisnéis faoin gcaoi ar cheart don tomhaltóir an táirge a úsáid chun feidhmíocht chomhshaoil ionchasach an táirge sin a bhaint amach. Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil in éineacht leis an maíomh.

ábhartha den táirge sin, áireofar leis an maíomh sin faisnéis faoin gcaoi ar cheart don tomhaltóir an táirge a úsáid ***nó a dhiúscairt*** chun feidhmíocht chomhshaoil ionchasach an táirge sin a bhaint amach. Beidh an fhaisnéis sin ***le feiceáil go soiléir agus*** ar fáil in éineacht leis an éileamh.

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 5 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| *4. I gcás ina bhfuil baint ag an maíomh comhshaoil sainráite le feidhmíocht chomhshaoil ***táirge nó*** trádálaí a bheidh ann amach anseo, áireofar ***ann*** gealltanas faoi cheangal ama maidir le feabhsuithe laistigh d’oibríochtaí féin agus de shlabhraí luacha. | *4. I gcás ina bhfuil baint ag an maíomh comhshaoil sainráite le feidhmíocht chomhshaoil ***trádálaí amach anseo, déanfaidh an*** trádálaí an méid seo a leanas***:*** |
| | ***(a)*** gealltanas faoi cheangal ama***, atá bunaithe ar an eolaíocht agus atá intomhaiste*** maidir le feabhsuithe laistigh d’oibríochtaí féin agus de shlabhraí luacha a áireamh***,*** |
| | ***(b) plean cur chun feidhme a áireamh ina mbeidh spriocanna eatramhacha atá intomhaiste agus infhíoraithe agus gnéithe ábhartha eile a bhfuil gá leo chun tacú le cur chun feidhme, amhail leithdháileadh acmhainní, plean faireacháin agus plean tuairiscithe bunaithe ar thuairisciú agus ar fhíoruithe go tráthrialta,*** |
| | ***(c) an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) a chur ar fáil go poiblí, lena n-áirítear torthaí an tuairiscithe***. |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 5– mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| *5. Ní féidir maímh chomhshaoil shainráite maidir le tionchair chomhshaoil charnacha táirge nó trádálaí bunaithe ar tháscaire comhiomlánaithe ar thionchair chomhshaoil a dhéanamh ach amháin ***ar bhonn*** rialacha chun na táscaire comhiomlánaithe ***sin atá bunaithe i ndlí an Aontais a ríomh***. | *5. Ní féidir maímh chomhshaoil shainráite maidir le tionchair chomhshaoil charnacha táirge nó trádálaí bunaithe ar tháscaire comhiomlánaithe ar thionchair chomhshaoil a dhéanamh ***ach amháin nuair atá siad bunaithe ar lipéid chomhshaoil a chomhlíonann Airteagal 7. I gcás ina ndéanfar na maímh sin, cuirfear na rialacha a úsáidtear chun an táscaire comhiomlánaithe a ríomh in iúl do na tomhaltóirí***. |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 5 – mír 6 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuirfear faisnéis faoin táirge nó faoin trádálaí arb é is ábhar don mhaíomh comhshaoil sainráite agus faoin mbunús atá leis ar fáil in éineacht leis an maíomh i bhfoirm fhisiceach nó i bhfoirm naisc ghréasáin, cóid QR nó a choibhéis. | Cuirfear faisnéis faoin táirge nó faoin trádálaí arb é is ábhar don mhaíomh comhshaoil sainráite agus faoin mbunús atá leis ar fáil ***go poiblí*** in éineacht leis an maíomh i bhfoirm fhisiceach nó i bhfoirm naisc ghréasáin, cóid QR***, pas táirge digiteach*** nó a choibhéis. |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 5 – mír 6 – fomhír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) na bunstaidéir nó na bunríomhanna a úsáideadh chun measúnú, tomhas agus faireachán a dhéanamh ar na tionchair chomhshaoil, ar na gnéithe comhshaoil nó ar an bhfeidhmíocht chomhshaoil a chumhdaítear leis an maíomh, gan torthaí na staidéar nó na ríomhanna sin a fhágáil ar lár agus gan mínithe ar a raon feidhme, a dtoimhdí agus a dteorainneacha a fhágáil ar lár, ach amháin más rún ceirde í an fhaisnéis i gcomhréir le hAirteagal 2 mír 1 de Threoir (AE) 2016/943[112]; | (c) na bunstaidéir***, na bunmodhanna*** nó na bunríomhanna***, lena n-áirítear an measúnú dá dtagraítear in Airteagal 3,*** a úsáidtear chun measúnú, tomhas agus faireachán a dhéanamh ar na tionchair chomhshaoil, ar na gnéithe comhshaoil nó ar an bhfeidhmíocht chomhshaoil a chumhdaítear leis an maíomh, gan torthaí na staidéar nó na ríomhanna sin a fhágáil ar lár agus gan mínithe ar a raon feidhme, a dtoimhdí agus a dteorainneacha a fhágáil ar lár, ach amháin más rún ceirde í an fhaisnéis i gcomhréir le hAirteagal 2, mír 1 de Threoir (AE) 2016/943[112]; |
| [112] Treoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint faisnéise gan nochtadh agus faisnéis ghnó (rúin trádála) ar a n-éadáil, a n-úsáid agus a nochtadh neamhdhleathach (IO L 157, 15.6.2016, lch. 1). | [112] Treoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint faisnéise gan nochtadh agus faisnéis ghnó (rúin trádála) ar a n-éadáil, a n-úsáid agus a nochtadh neamhdhleathach (IO L 157, 15.6.2016, lch. 1). |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 5 – mír 6 – fomhír 2 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) tuairisc ar an gcineál córais faireacháin agus meastóireachta atá i bhfeidhm ag an scéim lipéadaithe comhshaoil chun a áirithiú go ndéanfar measúnuithe rialta ar fheidhmíocht agus ar thionchair.*** |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 5 – mír 6 – fomhír 2 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) i gcás maímh chomhshaoil shainráite a bhaineann leis an aeráid ***atá ag brath ar fhritháirimh astaíochtaí gás ceaptha teasa***, faisnéis ***maidir leis an méid a bhíonn siad ag brath ar fhritháirimh agus an mbaineann siad le laghduithe nó aistrithe astaíochtaí***; | (f) i gcás maímh chomhshaoil shainráite a bhaineann leis an aeráid ***a úsáideann creidmheasanna carbóin***, faisnéis ***dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(h), (ha) agus (ja)***; |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 5 – mír 6 – fomhír 2 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) Déanfar maímh chomhshaoil ó thionscail ardthruaillithe i dtéarmaí coibhneasta chun go mbeidh tomhaltóirí in ann tuiscint a fháil ar thionchar diúltach foriomlán an táirge ar an gcomhshaol;*** |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 5 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| *8. ***I gcás ina mbeidh an bunús atá le tionchair chomhshaoil áirithe, le gnéithe comhshaoil áirithe nó le feidhmíocht chomhshaoil áirithe faoi réir na rialacha a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 3, mír 4(a) agus mír 4(c),*** féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18 chun forlíonadh a dhéanamh ar na ceanglais maidir le maímh chomhshaoil shainráite a chur in iúl a leagtar amach in Airteagal 5, trí shonrú breise a dhéanamh ar an bhfaisnéis a fhéadfaí a chur in iúl nó a chuirfear in iúl maidir leis na tionchair chomhshaoil, na gnéithe comhshaoil nó an fheidhmíocht chomhshaoil sin, chun a áirithiú nach gcuirfear na tomhaltóirí ar míthreoir. | *8. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18 chun forlíonadh a dhéanamh ar na ceanglais maidir le maímh chomhshaoil shainráite a chur in iúl a leagtar amach in Airteagal 5, trí shonrú breise a dhéanamh ar an bhfaisnéis a fhéadfaí a chur in iúl nó a chuirfear in iúl maidir leis na tionchair chomhshaoil, na gnéithe comhshaoil nó an fheidhmíocht chomhshaoil sin, chun a áirithiú nach gcuirfear na tomhaltóirí ar míthreoir***, go háirithe i gcás ina mbeidh bunús le tionchair chomhshaoil áirithe, le gnéithe comhshaoil nó le feidhmíocht chomhshaoil faoi réir na rialacha a bhunaítear i ngníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 3, i mír 4(a) agus i mír 4(c)***. |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 7 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Má léiríonn lipéad comhshaoil feidhmíocht chomhshaoil aitheanta den scoth mar a shainmhínítear in Airteagal 2(s) ECGT nó má fhorbraíonn eagraíochtaí aitheanta tomhaltóirí é agus nuair a bheidh a modh bunaithe ar mhodhanna measúnaithe eolaíocha agus in-athsholáthraithe, ní bheidh an lipéad faoi réir a fhíoraithe ach amháin i gcomhréir le hAirteagal 10(2), ach ní bheidh na*** |

| | |
|---|---|
| | ***ceanglais ná an tástáil ghaolmhar do gach grúpa táirge nó seirbhíse aonair a chumhdaítear leis an lipéad.*** |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 7 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| *2. Ní fhéadfar rátáil nó scór táirge nó trádálaí a chur i láthair ach amháin le lipéid chomhshaoil arna ndámhachtain faoi scéimeanna lipéadaithe comhshaoil ***a bhunaítear faoi dhlí an Aontais***, agus an rátáil agus an scór sin bunaithe ar tháscaire comhiomlánaithe na dtionchar comhshaoil ag táirge nó trádálaí. | *2. Ní fhéadfar rátáil nó scór táirge nó trádálaí a chur i láthair ach amháin le lipéid chomhshaoil ***a chomhlíonann ceanglais na chéad mhíre agus*** arna ndámhachtain faoi scéimeanna lipéadaithe comhshaoil ***atá bunaithe ar mhodhanna measúnaithe eolaíocha, neamhspleácha agus in-atáirgthe agus cur chuige saolré*** agus an rátáil agus an scór sin bunaithe ar tháscaire comhiomlánaithe na dtionchar comhshaoil ag táirge nó trádálaí. |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 8 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| *1. ***Is éard atá i gceist le scéim lipéadaithe comhshaoil scéim deimhniúcháin lena ndeimhnítear go gcomhlíonann táirge, próiseas nó trádálaí na ceanglais maidir le lipéad comhshaoil.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 8 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) faisnéis maidir le húinéireacht agus comhlachtaí cinnteoireachta na scéime lipéadaithe comhshaoil, beidh sí trédhearcach, inrochtana saor in aisce, éasca le tuiscint agus mionsonraithe go leormhaith; | (a) faisnéis maidir le húinéireacht agus comhlachtaí cinnteoireachta na scéime lipéadaithe comhshaoil, beidh sí trédhearcach, inrochtana***,*** saor in aisce, éasca le tuiscint agus mionsonraithe go leormhaith ***agus ar fáil ar líne nó ar mheán marthanach***; |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 8 – mír 2 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) go bhfuil comhlachtaí cinnteoireachta na scéime lipéadaithe comhshaoil saor ó choinbhleachtaí leasa agus go bhfuil siad neamhspleách ar thrádálaithe a úsáideann an lipéad;*** |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 8 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) tá na coinníollacha chun páirt a | (c) tá na coinníollacha chun páirt a |

| | |
|---|---|
| ghlacadh sna scéimeanna lipéadaithe comhshaoil comhréireach le méid agus láimhdeachas na gcuideachtaí ionas nach n-eisiafar fiontair bheaga agus mheánmhéide; | ghlacadh sna scéimeanna lipéadaithe comhshaoil comhréireach le méid agus láimhdeachas na gcuideachtaí ionas nach n-eisiafar ***micrifhiontair,*** fiontair bheaga agus mheánmhéide***, lena n-áirítear trí tháillí réasúnta agus neamh-idirdhealaitheacha a shocrú***; |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 8 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) is saineolaithe a d'fhorbair na ceanglais maidir leis an scéim lipéadaithe comhshaoil ar féidir leo stóinseacht eolaíoch na gceanglas sin a áirithiú agus cuireadh faoi bhráid grúpa ilchineálach páirtithe leasmhara iad le haghaidh comhairliúcháin, ar grúpa é ***a rinne*** athbhreithniú orthu agus a d'áirithigh go raibh siad ábhartha ó thaobh na sochaí de; | (d) is saineolaithe a d'fhorbair na ceanglais maidir leis an scéim lipéadaithe comhshaoil ar féidir leo stóinseacht eolaíoch na gceanglas sin a áirithiú agus cuireadh faoi bhráid grúpa ilchineálach páirtithe leasmhara ***nó ionadaithe na bpáirtithe leasmhara iad le haghaidh comhairliúcháin trédhearcach, a rinne*** athbhreithniú orthu agus a d'áirithigh go raibh siad ábhartha ó thaobh na sochaí de***. Beidh na geallsealbhóirí saor ó aon choinbhleachtaí leasa, lena n-áirítear trí bheith neamhspleách ar úinéir na scéime lipéadaithe comhshaoil, agus áireofar leo, ar a laghad, saineolaithe ábhartha***; |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 8 – mír 2 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) leagtar amach sa scéim lipéadaithe comhshaoil nósanna imeachta chun déileáil le neamhchomhlíonadh agus déantar foráil léi maidir leis an lipéad comhshaoil a tharraingt siar nó a chur ar fionraí i gcás neamhchomhlíonadh ***marthanach agus neamhnáireach*** cheanglais na scéime. | (f) leagtar amach sa scéim lipéadaithe comhshaoil nósanna imeachta ***trédhearcacha*** chun déileáil le neamhchomhlíonadh agus déantar foráil léi maidir leis an lipéad comhshaoil a tharraingt siar nó a chur ar fionraí i gcás neamhchomhlíonadh cheanglais na scéime; |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 8 – mír 2 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) tá córas láidir faireacháin agus meastóireachta ag an scéim lipéadaithe comhshaoil chun athbhreithniú rialta a dhéanamh ar a cuspóirí, a straitéisí, a feidhmíocht agus a tionchair, bunaithe ar na dea-chleachtais is déanaí, ar shonraí eolaíocha agus ar fhianaise eolaíoch, agus i gcás inarb ábhartha, chun a ceanglais a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir leis na torthaí.*** |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 8 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = dáta thrasuí na Treorach seo] ní bhunóidh údaráis phoiblí na mBallstát aon scéim lipéadaithe comhshaoil nua ar bhonn náisiúnta nó réigiúnach. Mar sin féin, le scéimeanna lipéadaithe comhshaoil náisiúnta nó réigiúnacha a bunaíodh roimh an dáta sin, féadfar leanúint de na lipéid chomhshaoil a dhámhachtain ar mhargadh an Aontais, ar choinníoll go gcomhlíonfar ceanglais na Treorach seo leo.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 8 – mír 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Ón dáta dá dtagraítear sa chéad fhomhír, ní fhéadfar scéimeanna lipéadaithe comhshaoil a bhunú ach amháin faoi dhlí an Aontais.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 8 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| *4. Ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = dáta thrasuí na Treorach | *4. Ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = dáta thrasuí na Treorach |

| | |
|---|---|
| seo] aon scéim lipéadaithe comhshaoil nua arna bunú ag údaráis phoiblí i dtríú tíortha a dhámhann lipéid chomhshaoil a úsáidfear ar mhargadh an Aontais, beidh siad faoi réir formheas ón gCoimisiún sula gcuirfear ar mhargadh an Aontais iad d'fhonn a áirithiú go soláthrófar breisluach leis na lipéid sin i dtéarmaí a n-uaillmhéine comhshaoil, lena n-áirítear go háirithe a gcumhdach ar thionchair chomhshaoil, gnéithe comhshaoil nó feidhmíocht chomhshaoil, nó ar ghrúpa nó earnáil táirgí áirithe, i gcomparáid le scéimeanna de chuid an Aontais, nó na scéimeanna náisiúnta nó réigiúnacha atá ann cheana ***dá dtagraítear i mír 3***, agus comhlíonfar ceanglais na Treorach seo leis na scéimeanna sin. Le scéimeanna lipéadaithe comhshaoil arna mbunú ag údaráis phoiblí i dtríú tíortha roimh an dáta sin, féadfar leanúint de na lipéid chomhshaoil a dhámhachtain, ar lipéid iad a úsáidfear ar mhargadh an Aontais, ar choinníoll go gcomhlíonfar ceanglais na Treorach seo leo. | seo] aon scéim lipéadaithe comhshaoil nua arna bunú ag údaráis phoiblí ***na mBallstát nó*** i dtríú tíortha a dhámhann lipéid chomhshaoil a úsáidfear ar mhargadh an Aontais, beidh siad faoi réir formheas***, gan moill mhíchuí,*** ón gCoimisiún sula gcuirfear ar mhargadh an Aontais iad d'fhonn a áirithiú go soláthrófar breisluach leis na lipéid sin i dtéarmaí a n-uaillmhéine comhshaoil, lena n-áirítear go háirithe a gcumhdach ar thionchair chomhshaoil, gnéithe comhshaoil nó feidhmíocht chomhshaoil, nó ar ghrúpa nó earnáil táirgí áirithe, i gcomparáid le scéimeanna de chuid an Aontais, nó na scéimeanna náisiúnta nó réigiúnacha atá ann cheana, agus comhlíonfar ceanglais na Treorach seo leis an scéim sin. Le scéimeanna lipéadaithe comhshaoil arna mbunú ag údaráis phoiblí ***an Bhallstáit nó*** i dtríú tíortha roimh an dáta sin, féadfar leanúint de na lipéid chomhshaoil a dhámhachtain, ar lipéid iad a úsáidfear ar mhargadh an Aontais, ar choinníoll go gcomhlíonfar ceanglais na Treorach seo leo. |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 8 – mír 5 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh na Ballstáit, maidir le scéimeanna lipéadaithe comhshaoil arna mbunú ag oibreoirí príobháideacha tar éis [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = dáta thrasuí na Treorach seo], nach bhformheasfar iad ach amháin más rud é go soláthrófar breisluach leis na scéimeanna sin i dtéarmaí a n-uaillmhéine comhshaoil, lena n-áirítear ***go háirithe*** fairsinge a gcumhdaigh ar thionchair | Áiritheoidh na Ballstáit, maidir le scéimeanna lipéadaithe comhshaoil arna mbunú ag oibreoirí príobháideacha tar éis [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = dáta thrasuí na Treorach seo], nach bhformheasfar iad ach amháin más rud é go soláthrófar breisluach leis na scéimeanna sin i dtéarmaí a n-uaillmhéine comhshaoil, lena n-áirítear go háirithe fairsinge a gcumhdaigh ar thionchair |

chomhshaoil, gnéithe comhshaoil nó feidhmíocht chomhshaoil, nó ar ghrúpa nó earnáil táirgí áirithe agus a gcumas tacú le haistriú glas FBManna, ***i gcomparáid le scéimeanna de chuid an Aontais, nó na scéimeanna náisiúnta nó réigiúnacha atá ann cheana dá dtagraítear i mír 3,*** agus más rud é go gcomhlíonfar ceanglais na Treorach seo leis na scéimeanna sin.

chomhshaoil, gnéithe comhshaoil nó feidhmíocht chomhshaoil, nó ar ghrúpa nó earnáil táirgí áirithe agus a gcumas tacú le haistriú glas FBManna, agus ceanglais na Treorach seo a chomhlíonadh. ***Le scéimeanna lipéadaithe comhshaoil arna mbunú ag oibreoirí príobháideacha roimh an dáta sin, féadfar leanúint de na lipéid chomhshaoil a dhámhachtain, ar lipéid iad a úsáidfear ar mhargadh an Aontais, ar choinníoll go gcomhlíonfar ceanglais na Treorach seo leo.***

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 8 – mír 6 – fomhír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) tuairisc ar an gcaoi a gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach sa Treoir seo;*** |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 8 – mír 6 – fomhír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) an fhianaise go soláthrófar breisluach leis an scéim mar a leagtar amach i mír 4 le haghaidh scéimeanna lipéadaithe comhshaoil arna mbunú ag údaráis phoiblí ***i dtríú tíortha***, nó i mír 5 le haghaidh scéimeanna lipéadaithe comhshaoil arna mbunú ag oibreoirí | (c) an fhianaise go soláthrófar breisluach leis an scéim mar a leagtar amach i mír 4 le haghaidh scéimeanna lipéadaithe comhshaoil arna mbunú ag údaráis phoiblí, nó i mír 5 le haghaidh scéimeanna lipéadaithe comhshaoil arna mbunú ag oibreoirí príobháideacha; |

príobháideacha;

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 8 – mír 6 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuirfear na doiciméid dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin i gcás scéimeanna dá dtagraítear i mír 4 nó faoi bhráid údaráis na mBallstát i gcás scéimeanna dá dtagraítear i mír 5, mar aon leis an deimhniú comhréireachta le haghaidh scéimeanna lipéadaithe comhshaoil arna dtarraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 10. | ***Déanfar na doiciméid dá dtagraítear sa chéad fhomhír a chur ar fáil go poiblí agus*** cuirfear iad faoi bhráid an Choimisiúin i gcás scéimeanna dá dtagraítear i mír 4 nó faoi bhráid údaráis na mBallstát i gcás scéimeanna dá dtagraítear i mír 5, mar aon leis an deimhniú comhréireachta le haghaidh scéimeanna lipéadaithe comhshaoil arna dtarraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 10. |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 8 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| *7. Déanfaidh an Coimisiún liosta de lipéid chomhshaoil***a aithnítear go hoifigiúil*** a cheadaítear a úsáid ar mhargadh an Aontais a fhoilsiú agus a choinneáil cothrom le dáta tar éis an [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = dáta thrasuí na Treorach seo] de bhun mhíreanna 3, 4 agus 5. | *7. Déanfaidh an Coimisiún liosta de scéimeanna ***lipéadaithe comhshaoil a chomhlíonann an Treoir seo agus*** lipéid chomhshaoil ***mar a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 66/2010,*** a cheadaítear a úsáid ar mhargadh an Aontais a fhoilsiú agus a choinneáil cothrom le dáta tar éis [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = dáta thrasuí na Treorach seo] de bhun |

mhíreanna 3, 4 agus 5***, lena n-áirítear an fhaisnéis arna soláthar i gcomhréir le mír 6***. ***Beidh an liosta sin ar fáil saor in aisce don phobal agus cuirfear ar fáil ar bhealach intuigthe é.***

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 8 – mír 8 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach ar fud an Aontais a áirithiú, glacfaidh an Coimisiún ***gníomhartha cur chun feidhme*** chun an méid seo a leanas a dhéanamh: | Chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach san Aontas a áirithiú, déanfaidh an Coimisiún, ***faoin ... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18*** chun an méid seo a leanas a dhéanamh: |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 8 – mír 8 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ceanglais mhionsonraithe a sholáthar maidir le scéimeanna lipéadaithe comhshaoil a fhormheas de bhun na gcritéar dá dtagraítear i míreanna 4 agus 5; | (a) ceanglais mhionsonraithe a sholáthar maidir le scéimeanna lipéadaithe comhshaoil a fhormheas ***agus a athbhreithniú*** de bhun na gcritéar dá dtagraítear i míreanna 4 agus 5; |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 8 – mír 8 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 19.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh trádálaithe athbhreithniú ar an bhfaisnéis a úsáidtear chun bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite agus go dtabharfaidh siad cothrom le dáta í, nuair a bhíonn imthosca ann ina bhféadfaí ***difear a dhéanamh*** do chruinneas maímh, agus tráth nach déanaí ná 5 bliana ón dáta a sholáthrófar an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 5(6). San athbhreithniú, déanfaidh an trádálaí athbhreithniú ar an mbunfhaisnéis a úsáidtear chun a áirithiú go gcomhlíontar ceanglais Airteagail 3 agus 4 ina n-iomláine. | Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh trádálaithe athbhreithniú ar an bhfaisnéis a úsáidtear chun bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite agus go dtabharfaidh siad cothrom le dáta í, nuair a bhíonn imthosca ann ina bhféadfaí cruinneas maímh ***a athrú***, agus tráth nach déanaí ná 5 bliana ón dáta a sholáthrófar an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 5(6). San athbhreithniú, déanfaidh an trádálaí athbhreithniú ar an mbunfhaisnéis a úsáidtear chun a áirithiú go gcomhlíontar ceanglais Airteagail 3 agus 4 ina n-iomláine. |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ní bheidh sé d'oibleagáid ar an trádálaí athbhreithniú a dhéanamh ar an mbunús ná iarratas a dhéanamh arís ar dheimhniú i gcás botúin litrithe nó athruithe cosmaideacha eile i dtéacs an mhaímh mura ndéanann sé difear do shubstaint ná do chruinneas an mhaímh.*** |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 10 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| *1. Bunóidh na Ballstáit nósanna imeachta chun bunús agus cur in iúl na maíomh comhshaoil sainráite a fhíorú in aghaidh na gceanglas a leagtar amach in Airteagail 3 go 7. | *1. Bunóidh na Ballstáit nósanna imeachta chun bunús agus cur in iúl na maíomh comhshaoil sainráite a fhíorú in aghaidh na gceanglas a leagtar amach in Airteagail 3 go 7. ***Déanfaidh an Coimisiún na nósanna imeachta sin a athbhreithniú go rialta.*** |

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 10 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| *2. Bunóidh na Ballstáit nósanna imeachta chun comhlíontacht na scéimeanna lipéadaithe comhshaoil leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 8 a | *2. Bunóidh na Ballstáit nósanna imeachta chun comhlíontacht na scéimeanna lipéadaithe comhshaoil leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 8 a |

| | |
|---|---|
| fhíorú. | fhíorú. ***Déanfaidh an Coimisiún na nósanna imeachta sin a athbhreithniú go rialta.*** |

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 10 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Agus na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 á gcur ar bun acu, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear san áireamh i gcostas an fhíoraithe agus an deimhniúcháin castacht an bhunúis a bhaineann leis an maímh, agus méid agus láimhdeachas na dtrádálaithe a iarrann fíorú agus deimhniú agus aird ar leith á tabhairt ar mhicrifhiontair, ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide.*** |

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 10 – mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3b. Ní bheidh feidhm ag na ceanglais fíoraithe maidir le trádálaithe a bhfuil lipéad comhshaoil ar taispeáint acu a arna fhíorú i gcomhréir leis an Airteagal seo agus maíomh comhshaoil sainráite á dhéanamh acu maidir le gnéithe comhshaoil, tionchair agus feidhmíocht chomhshaoil arna dheimhniú leis an*** |

***lipéad sin.***

***Is í an fhaisnéis a cheanglaítear faoi Airteagal 5(6) an fhaisnéis a bhaineann leis an scéim lipéadaithe comhshaoil.***

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 10 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Déanfar fíorú ar mhaímh chomhshaoil shainráite agus scéimeanna lipéadaithe comhshaoil a chur i gcrích laistigh de 30 lá. Féadfaidh an fíoraitheoir cinneadh a dhéanamh síneadh níos faide ná 30 lá a chur leis an tréimhse fíoraithe i gcásanna a bhfuil údar cuí leo. Cuirfidh fíoraitheoirí meastachán ar fáil don trádálaí maidir le tréimhse an nós imeachta fíoraithe ar an dáta a cuireadh isteach an iarraidh ar fhíorú.*** |

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 10 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| *7. Aithneoidh na húdaráis inniúla an deimhniú comhréireachta, arb iad na húdaráis sin a bheidh freagrach as an Treoir seo a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú. Tabharfaidh na Ballstáit fógra faoin liosta deimhnithe comhréireachta trí Chóras Faisnéise an | *7. Aithneoidh na húdaráis inniúla an deimhniú comhréireachta, arb iad na húdaráis sin a bheidh freagrach as an Treoir seo a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú. Tabharfaidh na Ballstáit fógra faoin liosta deimhnithe comhréireachta trí Chóras Faisnéise an |

| | |
|---|---|
| Mhargaidh Inmheánaigh a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012. | Mhargaidh Inmheánaigh a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012. ***A luaithe a dhéanfar deimhniú comhréireachta a sheachadadh agus a chur in iúl, is féidir an scéim lipéadaithe nó an maíomh comhshaoil a úsáid laistigh den Aontas, sa mhéid go gcuirtear an scéim nó an maíomh in iúl i dteanga is féidir le tomhaltóirí a thuiscint sna Ballstáit ina bhfuil an táirge nó an tseirbhís á margú. Cuirfear na deimhnithe comhréireachta ar fáil go poiblí i mbunachar sonraí inchuardaithe ina sainaithneofar go soiléir an trádálaí, an cineál maímh, an modh measúnaithe agus an earnáil.*** |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 10 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| *9. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun mionsonraí a leagan amach maidir le foirm an deimhnithe comhréireachta dá dtagraítear i mír 5 agus maidir leis na modhanna teicniúla chun an deimhniú comhréireachta sin a eisiúint. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 19. | *9. ***Faoin... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo],*** glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun mionsonraí a leagan amach maidir le foirm an deimhnithe comhréireachta dá dtagraítear i mír 5 agus maidir leis na modhanna teicniúla chun an deimhniú comhréireachta sin a eisiúint. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 19. |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 10 – mír 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***9a. Féadfaidh na Ballstáit tosaíocht a thabhairt d'fhíorú ar na maímh chomhshaoil atá ann cheana roimh theacht i bhfeidhm na Treorach seo.*** |

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 11 – mír 3 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) beidh líon leordhóthanach fostaithe ag an bhfíoraitheoir a bhfuil na cáilíochtaí cuí agus an taithí chuí acu chun na cúraimí fíoraithe a dhéanamh; | (e) beidh ***acmhainní leordhóthanacha, go háirithe acmhainní teicniúla agus*** líon leordhóthanach fostaithe ag an bhfíoraitheoir a bhfuil na cáilíochtaí cuí agus an taithí chuí***, agus a bhfuil taithí acu ar mheasúnuithe saolré, i gcás inar gá,*** chun na cúraimí fíoraithe a dhéanamh; |

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 11 – mír 3 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) déanfaidh pearsanra fíoraitheora rúndacht ghairmiúil a urramú maidir leis an bhfaisnéis uile a fhaightear agus na cúraimí fíoraithe á ndéanamh aige; | (f) déanfaidh pearsanra fíoraitheora rúndacht ghairmiúil a urramú ***agus gníomhóidh siad i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme maidir le rúin trádála a chosaint, go háirithe Treoir (AE) 2016/943,*** maidir leis an bhfaisnéis uile a fhaightear agus na cúraimí fíoraithe á gcur |

i gcrích; ***i gcás nach bhfaigheann an fíoraitheoir an fhaisnéis réamhriachtanach le haghaidh fíoraithe mar gheall ar rúin trádála a chosaint, ní eiseoidh an fíoraitheoir deimhniú comhréireachta;***

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 11 – mír 3 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) i gcás ina ndéanfaidh fíoraitheoir cúraimí sonracha a bhaineann le fíorú a ligean ar fochonradh nó ina rachaidh sé ar iontaoibh fochuideachta, glacfaidh sé freagracht iomlán as na cúraimí a dhéanann na fochonraitheoirí nó na fochuideachtaí agus déanfaidh sé measúnú agus faireachán ar cháilíochtaí an fhochonraitheora nó na fochuideachta agus ar an obair a dhéanann siad. | (g) i gcás ina ndéanfaidh fíoraitheoir cúraimí sonracha a bhaineann le fíorú a ligean ar fochonradh nó ina rachaidh sé ar iontaoibh fochuideachta, glacfaidh sé freagracht iomlán as na cúraimí a dhéanann na fochonraitheoirí nó na fochuideachtaí agus déanfaidh sé measúnú agus faireachán ar cháilíochtaí an fhochonraitheora nó na fochuideachta agus ar an obair a dhéanann siad. ***Beidh feidhm ag ceanglais mhír 3, pointí (a) go (f), maidir le fochonraitheoirí agus fochuideachtaí freisin.*** |

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 11 – mír 3 – pointe g a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ga) beidh sásra um ghearáin agus um réiteach díospóidí i bhfeidhm ag an bhfíoraitheoir;*** |

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 11 – mír 3 – pointe g b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(gb) beidh an fíoraitheoir a dheonaíonn an deimhniú comhréireachta freagrach as cruinneas mheasúnú an mhaímh atá á dheimhniú agus tabharfar chun cuntais é má fhaightear amach in imscrúdú go raibh sé faillíoch ina mheasúnú. Níl feidhm ag an gcuntasacht sin, áfach, ach amháin sa mhéid nach raibh an trádálaí páirteach i gcleachtais tráchtála mhíthreoracha mar a chuirtear i dtábhacht iad in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Treoir 2005/29/CE.*** |

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 11 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Féadfaidh fíoraitheoirí creidiúnaithe atá bunaithe i mBallstát amháin i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 gníomhaíochtaí fíoraithe a dhéanamh in aon Bhallstát eile faoi na coinníollacha céanna le fíoraitheoirí creidiúnaithe atá bunaithe sa Bhallstát sin.*** |

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 12 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Fiontair bheaga agus mheánmhéide | ***Micrifhiontair,*** fiontair bheaga agus mheánmhéide |

**Leasú 124**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 12 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun cuidiú le fiontair bheaga agus mheánmhéide na ceanglais a leagtar amach sa Treoir seo a chur i bhfeidhm. Áireofar treoirlínte ***nó sásraí comhchosúla sna bearta sin ar a laghad chun feasacht a mhúscailt ar bhealaí*** chun na ceanglais maidir le maímh chomhshaoil shainráite a chomhlíonadh. ***Ina theannta sin,*** gan dochar do na rialacha is infheidhme maidir le státchabhair, ***d'fhéadfaí*** na nithe seo a leanas a áireamh ar na bearta sin: | Déanfaidh na Ballstáit***, i gcomhar leis an gCoimisiún,*** bearta iomchuí chun cuidiú le ***micrifhiontair,*** fiontair bheaga agus mheánmhéide ***chun*** na ceanglais a leagtar amach sa Treoir seo a chur i bhfeidhm. Áireofar treoirlínte ***le samplaí agus nósanna imeachta sonracha*** sna bearta sin ar a laghad chun na ceanglais maidir le maímh chomhshaoil shainráite a chomhlíonadh. Gan dochar do na rialacha is infheidhme maidir le státchabhair, ***áireofar ar na bearta sin a bheidh le glacadh ag na Ballstáit ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas***: |

**Leasú 125**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) sásraí eile chun feasacht a mhúscailt maidir le bealaí chun na ceanglais maidir le maímh chomhshaoil shainráite a chomhlíonadh;*** |

**Leasú 126**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) cúnamh oibríochtúil agus teicniúil. | (d) cúnamh oibríochtúil agus teicniúil ***saincheaptha***. |

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) bainistíocht speisialaithe agus oiliúint foirne;*** |

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 12 – mír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú*

***I gcomhthéacs chláir an Aontais ar féidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide tairbhe a bhaint astu, déanfaidh an Coimisiún tionscnaimh a chur san áireamh agus a chur chun cinn lenar féidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide na ceanglais a leagtar amach sa Treoir seo a chomhlíonadh.***

**Leasú 129**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 12 – mír 1 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú*

***Ainmneoidh na Ballstáit pointí teagmhála aonair do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide ónar féidir leo faisnéis a iarraidh maidir le comhlíonadh na gceanglas maidir le maímh chomhshaoil shainráite agus maidir leis an tacaíocht atá ar fáil dá dtagraítear san fhomhír roimhe seo.***

**Leasú 130**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 12 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú*

***Airteagal 12a***

***1. Faoin... [18 mí tar éis an teacht i bhfeidhm], bunóidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh tarmligthe, córas fíoraithe simplithe lena gcuirfear ar chumas trádálaithe leas a bhaint as nós imeachta simplithe, a bhféadfadh toimhde comhréireachta a bheith san áireamh ann, i gcás maímh chomhshaoil áirithe. Sa chóras fíoraithe simplithe sin, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas, i gcás inarb iomchuí:***

***a) tús áite a thabhairt do mhaímh chomhshaoil nach gá anailís saolré iomlán a dhéanamh orthu nó modhanna casta a úsáid, mar gheall ar chineál an mhaímh;***

***b) formheas níos tapúla na maíomh comhshaoil is coitianta a éascú, i gcomhréir leis an liosta a leagtar amach in Airteagal 3, mír 4a;***

***c) formheas maíomh comhshaoil atá bunaithe ar chaighdeáin nó ar mhodhanna, amhail anailís saolré, atá aitheanta go hoifigiúil ag an gCoimisiún agus atá comhréireach leo, i gcomhréir le mír 2 den Airteagal sin, a éascú;***

***d) deimhniú maíomh comhshaoil agus lipéad comhshaoil a cheadú bunaithe ar rialacha táirgeshonracha agus rialacha catagóire earnála arna bhforbairt de bhun Airteagal 3(4)(c) agus 5(8), i gcás ina bhforáiltear fíorú tríú páirtí leis na rialacha sin cheana féin.***

****2. I gcomhréir le mír 1, forbróidh an Coimisiún bunachar sonraí de na caighdeáin agus de na modhanna aitheanta sin a d’fhéadfadh tairbhe a bhaint as nós imeachta simplithe, a dhéanfar a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta.***

**Leasú 131**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 13 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| *2. Chun Airteagail 5 agus 6 a fhorfheidhmiú, féadfaidh na Ballstáit na húdaráis náisiúnta nó na cúirteanna a bheidh freagrach as Treoir 2005/29/CE a fhorfheidhmiú a ainmniú. ***Sa chás sin, féadfaidh na Ballstáit maolú ar Airteagail 14 go 17 den*** Treoir seo ***agus na rialacha forfheidhmithe arna nglacadh*** i gcomhréir le ***hAirteagail 11 go 13*** de Threoir 2005/29/CE a chur i bhfeidhm. | *2. Chun Airteagail 5 agus 6 a fhorfheidhmiú, féadfaidh na Ballstáit na húdaráis náisiúnta nó na cúirteanna a bheidh freagrach as Treoir 2005/29/CE a fhorfheidhmiú a ainmniú. ***Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag tomhaltóirí a ndéantar díobháil dá leasanna eacnamaíocha de dheasca neamhchomhlíonadh*** na Treorach seo ***ar leigheasanna comhréireacha agus éifeachtacha*** i gcomhréir le ***hAirteagal 11a*** de Threoir 2005/29/CE. |

**Leasú 132**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 15 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| *3. I gcás ina ndéanfaidh na húdaráis inniúla amach, mar thoradh ar an meastóireacht dá dtagraítear sa chéad fhomhír, nach gcomhlíonann bunús agus cur in iúl an mhaímh comhshaoil shainráite ná na scéime lipéadaithe comhshaoil na ceanglais a leagtar síos sa Treoir seo, tabharfaidh siad fógra don trádálaí a dhéanfaidh an maíomh faoin neamhchomhlíonadh agus éileoidh siad go ndéanfaidh an trádálaí gach gníomhaíocht cheartaitheach iomchuí laistigh de 30 lá chun an maíomh comhshaoil sainráite nó an scéim lipéadaithe comhshaoil a thabhairt chun comhréireachta leis an Treoir seo nó chun deireadh a chur leis an maíomh comhshaoil sainráite | *3. I gcás ina ndéanfaidh na húdaráis inniúla amach, mar thoradh ar an meastóireacht dá dtagraítear sa chéad fhomhír, nach gcomhlíonann bunús agus cur in iúl an mhaímh comhshaoil shainráite ná na scéime lipéadaithe comhshaoil na ceanglais a leagtar síos sa Treoir seo, tabharfaidh siad fógra don trádálaí a dhéanfaidh an maíomh faoin neamhchomhlíonadh ***sula bhfoilseoidh siad an tuarascáil dá dtagraítear in airteagal 15(1)*** agus éileoidh siad go ndéanfaidh an trádálaí gach beart ceartaitheach iomchuí laistigh de 30 lá chun an maíomh comhshaoil sainráite nó an scéim lipéadaithe comhshaoil a thabhairt chun comhréireachta leis an |

| | |
|---|---|
| neamhchomhlíontach agus na tagairtí dó. Beidh an ghníomhaíocht sin chomh héifeachtach agus chomh tapa agus is féidir, agus prionsabal na comhréireachta agus an ceart chun éisteacht a fháil á gcomhlíonadh an tráth céanna. | Treoir seo nó ***laistigh de 30 lá,*** chun deireadh a chur leis an maíomh comhshaoil sainráite neamhchomhlíontach agus na tagairtí dó. Beidh an ghníomhaíocht sin chomh héifeachtach agus chomh tapa agus is féidir, agus prionsabal na comhréireachta agus an ceart chun éisteacht a fháil á gcomhlíonadh an tráth céanna.<br>***Féadfaidh na húdaráis inniúla cinneadh a dhéanamh ar iarraidh chuí-réasúnaithe ón trádálaí, i gcásanna eisceachtúla, síneadh amháin go dtí an 30 lá bunaidh a thabhairt don trádálaí, síneadh a mbeidh sé de cheangal ar an trádálaí gach gníomh ceartaitheach iomchuí a dhéanamh lena linn.*** |

**Leasú 133**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 15 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. I gcás ina suífidh údaráis inniúla Ballstáit nach gcomhlíonann maíomh comhshaoil sainráite nó scéim lipéadaithe comhshaoil na ceanglais a leagtar síos sa Treoir seo, ceanglóidh siad ar an trádálaí a nochtadh, gan moill mhíchuí, más rud é gur cuireadh an maíomh sainráite comhshaoil nó an scéim lipéadaithe comhshaoil in iúl i mBallstát eile. Más amhlaidh an cás, tabharfaidh na húdaráis inniúla a shuigh an neamhchomhlíonadh fógra gan moill mhíchuí d'údaráis inniúla na mBallstát eile inar cuireadh an maíomh nó an lipéad in iúl maidir le toradh na meastóireachta de bhun Airteagal 15(3).*** |

**Leasú 134**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 15 – mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3b. I gcás ina suífidh údaráis inniúla Ballstáit go bhfuil deimhnithe comhréireachta eisithe arís agus arís eile ag fíoraitheoirí maidir le maíomh comhshaoil sainráite nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar síos sa Treoir seo, déanfar creidiúnú an fhíoraitheora a tharraingt siar gan moill mhíchuí.*** |

**Leasú 135**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 16 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| *1. Daoine nádúrtha nó dlítheanacha nó eagraíochtaí a mheastar go bhfuil leas ***dlisteanach*** acu faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta, beidh siad i dteideal gearáin a bhfuil bunús leo a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil i gcás ina measfaidh siad, ar bhonn imthosca oibiachtúla, nach bhfuil ***trádálaí*** ag comhlíonadh fhorálacha na Treorach seo. | *1. Daoine nádúrtha nó dlítheanacha nó eagraíochtaí a mheastar go bhfuil leas ***leordhóthanach*** acu faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta, beidh siad i dteideal gearáin a bhfuil bunús leo a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil i gcás ina measfaidh siad, ar bhonn imthosca oibiachtúla, nach bhfuil ***trádálaí nó fíoraitheoir amháin nó níos mó*** ag comhlíonadh fhorálacha na Treorach seo. |

**Leasú 136**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 16 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| *3. Déanfaidh na húdaráis inniúla measúnú ar an ngearán lena bhfuil bunús dá dtagraítear i mír 1 agus, i gcás inar gá, déanfaidh siad na bearta is gá, lena n-áirítear cigireachtaí ar an duine nó ar an eagraíocht nó éisteachtaí uathu, d'fhonn na gearáin sin a ***fhíorú***. Má dheimhnítear é***,*** déanfaidh na húdaráis inniúla na bearta is gá i gcomhréir le hAirteagal 15. | *3. Déanfaidh na húdaráis inniúla measúnú ***gan moill mhíchuí*** ar an ngearán lena bhfuil bunús dá dtagraítear i mír 1 agus, i gcás inar gá, déanfaidh siad na bearta is gá, lena n-áirítear cigireachtaí ar an duine nó ar an eagraíocht ***agus ar na trádálaithe nó na bhfíoraitheoirí lena mbaineann*** nó éisteachtaí uathu, d'fhonn ***neamhchomhlíonadh fhorálacha na Treorach seo a bhrath agus na gearáin sin a fhíorú***. Má dheimhnítear é, déanfaidh na húdaráis inniúla na bearta is gá i gcomhréir le hAirteagal 15. |

**Leasú 137**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 16 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| *4. Déanfaidh na húdaráis inniúla, a luaithe is féidir agus in aon chás i gcomhréir leis na forálacha ábhartha den dlí náisiúnta, an duine nó an eagraíocht dá dtagraítear i mír 1 a chur ar an eolas, arb é an duine nó an eagraíocht é a chuir gearán faoi bhráid an údaráis, faoina chinneadh aontú don iarraidh ar ghníomhaíocht a chuir sé chun tosaigh ina ghearán nó diúltú dó sin, agus soláthróidh siad na cúiseanna atá leis sin. | *4. Déanfaidh na húdaráis inniúla, a luaithe is féidir agus in aon chás ***laistigh de 30 lá tar éis dóibh an t-ábhar imní a bhfuil bunús leis a fháil agus*** i gcomhréir leis na forálacha ábhartha an dlí náisiúnta, an duine nó an eagraíocht dá dtagraítear i mír 1 a chur ar an eolas, arb é an duine nó an eagraíocht é chuir gearán faoi bhráid an údaráis, faoina chinneadh aontú don iarraidh ar ghníomhaíocht a chuir sé chun tosaigh ina ghearán nó diúltú dó sin agus soláthróidh siad na cúiseanna atá leis sin ***agus tuairisc ar na céimeanna breise agus ar na bearta a dhéanfaidh sé***. ***Ceadóidh na húdaráis inniúla don duine a chuir an t-ábhar imní isteach faisnéis bhreise a*** |

***chur ar fáil.***

**Leasú 138**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 16 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| *6. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear faisnéis phraiticiúil ar fáil don phobal maidir le rochtain ar na nósanna imeachta um athbhreithniú riaracháin agus athbhreithniú breithiúnach dá dtagraítear san Airteagal seo. | *6. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear faisnéis phraiticiúil ar fáil don phobal ***saor in aisce ar bhealach atá inrochtana go héasca agus intuigthe*** maidir le rochtain ar na nósanna imeachta um athbhreithniú riaracháin agus athbhreithniú breithiúnach dá dtagraítear san Airteagal seo. |

**Leasú 139**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 18 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 18a*** |
| | ***Fóram comhairliúcháin*** |
| | ***Bunóidh an Coimisiún fóram comhairliúcháin maidir le maímh ghlasa (an Fóram) ina mbeidh rannpháirtíocht chothrom ionadaithe na mBallstát agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha uile, amhail ionadaithe tionscail, lena n-áirítear micrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide agus ionadaithe ón tionscal ceardaíochta, ceardchumainn, trádálaithe, miondíoltóirí, allmhaireoirí, taighdeoirí acadúla, grúpaí cosanta comhshaoil agus eagraíochtaí*** |

***tomhaltóirí. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an bhfóram maidir leis an méid seo a leanas:***

***(i) na pleananna oibre dá dtagraítear in Airteagal 3(4a) a bhunú;***

***(ii) gníomhartha tarmligthe a fhorbairt;***

***(iii) nuashonrú ar na ceanglais maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil agus iad a chur in iúl;***

***(iv) aon mheastóireacht ar na ceanglais maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil agus iad a chur in iúl;***

***(v) aon mheastóireacht ar éifeachtacht na gceanglas atá ann cheana maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil agus iad a chur in iúl.***

**Leasú 140**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 20 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Comhoibreoidh na húdaráis inniúla náisiúnta go gníomhach agus malartóidh siad dea-chleachtais maidir le cur chun feidhme na Treorach seo ar bhonn rialta.*** |

**Leasú 141**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 21 – mír 2 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) a áirithiú go dtabharfaidh trádálaithe tosaíocht éifeachtach do laghduithe ar astaíochtaí ina n-oibríochtaí agus ina slabhraí luacha féin, trí mheasúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht na bhforálacha a bhaineann le creidmheasanna carbóin a úsáid;*** |

**Leasú 142**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 21 – mír 2 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) an t-aistriú chuig comhshaol atá saor ó thocsainí a éascú.*** |

**Leasú 143**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 21 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) an t-aistriú i dtreo comhshaol saor ó thocsainí a éascú trí bhreithniú ar thoirmeasc a thabhairt isteach ar mhaímh chomhshaoil maidir le táirgí ina bhfuil substaintí guaiseacha, ach amháin i gcás ina meastar gur fíor-riachtanach a n-úsáid don tsochaí i gcomhréir leis na critéir a bheidh le forbairt ag an*** | ***scriosta*** |

***gCoimisiún;***

**Leasú 144**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 21 – mír 3 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) cosaint tomhaltóirí agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a neartú tuilleadh trí bhreithniú a dhéanamh ar na ceanglais maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite a leathnú chuig micrifhiontair.*** |

**Leasú 173**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 25 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuirfidh siad na bearta sin i bhfeidhm ón [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = ***24*** *mí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo*]. | Cuirfidh siad na bearta sin i bhfeidhm ón [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = ***30*** *mí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo*]. |

**Leasú 145**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 25 – mír 1 – fomhír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le fiontair bheaga de réir bhrí Mholadh 2003/361/CE ón gCoimisiún faoi cheann*** |

| | |
|---|---|
| | ***42 mhí tar éis a theacht i bhfeidhm.*** |

**Leasú 146**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 25 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Féadfaidh na Ballstáit idirthréimhse a thabhairt isteach, idir dáta theacht i bhfeidhm agus dáta chur i bhfeidhm na Treorach seo, ar lena linn is féidir maímh chomhshaoil atá ann cheana agus a tíolacadh lena bhfíorú a úsáid.*** |